Feidhmíonn CIÉ beartas fáilithe breosla agus cé go rabhamar faoi chosaint, den chuid is mó, ar an méadú as éadan a tháinig ar phraghsanna breosla le linn 2022, tháinig méadú nach beag ar na rátaí réamhchonartha i gcomparáid leo siúd a bhí i gceist sna blianta roimhe sin. Cuimsítear san ardú €15m laghdú 11% ar na rátaí agus toirt bhreise 26% de bharr seirbhísí méadaithe.

Ba é an méadú mór eile ar chostais ná an méadú ar Chostas Díolacháin i leith CIÉ Tours de bharr bliain iomlán oibríochta a bheith ann arís agus líon na bpaisinéirí a bheith ar ais ar an ngnáthleibhéal in 2022 (30,000 paisinéir i gcomparáid le 4,000 in 2021).

Fíor 2: Costais Oibríocháin 2022 i gcomparáid le 2021



Costais maidir le Pinsin a Chistiú

Cuimsítear sna ráitis airgeadais costas airgid an tsoláthair pinsean agus costais neamhairgid a bhaineann leis an meastachán cuntasáochta ar chostais seirbhíse reatha agus an costas measta chun an glandliteanas pinsean a iompar. Costas seirbhíse reatha €112m a bhí fós ann in 2022 (€112m in 2021), rud a léiríonn an costas níos airde a bhaineann le pinsin le sochar sainithe a sholáthar. Ina theannta sin, b'ionann na glanchostais airgeadais a bhain leis an dliteanas pinsean a iompar in 2022 agus €10m (2021: €10m).


Cailteanas Oibriúcháin don bhliain

Ba é an tionchar a bhí ag na tosca sin ar fheidhmíocht airgeadais ná athrú ar an easnamh ó €53m in 2021 go dtí easnamh €28m in 2022. Déantar achoimre air sin i bhFíor 3.

Léirítear na gluaiseachtaí i dtaobh loncaim agus Costas Oibriúcháin i bhFíor 1 agus i bhFíor 2.

Díoladh láithreán forbraíochta in 2022, rud a chuir go mór leis an mbrabús ar dhiúscairt €34m agus bhí tionchar aige sin freisin ar an méadú a tháinig ar chánacha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Fíor 3: Gluaiseachtaí san Easnamh ó 2021 go 2022



Nithe Suntasacha eile i dtaobh Airgeadais de

Airgead Tirim agus Saoráidí Baincéireachta

Tháinig méadú ar glan-iarmhéideanna airgid an Ghrúpa ag deireadh na bliana go dtí €318m (2021: €236m) mar gheall ar uainiú íocaíochtaí caipitil oibre agus mar gheall ar dhíol talún in 2022.


Tá saoráidí baincéireachta geallta ag an nGrúpa faoi shocrú a leanfaidh i bhfeidhm go dtí Eanáir 2025. Cuimsítear leo sin saoráid iasachta théarmaigh €12m agus socrú maidir le saoráid creidmheasa imrothlaigh €80m nár tarraingíodh anuas i rith na bliana. Ar feadh 2022 bhí an Grúpa ag feidhmiú agus é saor ó ghlanfhiachas agus i staid dhearfach maidir le glanmhéid airgid.

Cistiú ón Státhchiste don Chlár Caipitil

Fáiltíonn CIÉ roimh an méadú ar an gCistiú ón Státhchiste don Chlár Caipitil, ar cuireadh €106m leis i rith na bliana ionas gur €473m atá i gceist anois. Léirítear i bhFíor 4 an méadú seasta ar chistiú caipitil thar an tréimhse 2019 go

2022, méadú a chuir ríméad orainn. Úsáidtear an cistiú sin chun infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní an ghréasáin iompair phoiblí agus iad a chothabháil. Tá an méadú in 2022 bunaithe go príomha ar charráistí nua a bheith fós á gceannach don chlár DART+ mar aon le carranna iarnróid don fhlíit traenacha idirchathrach (Intercity).

Fíor 4: Cistiú Caipitil 2016 go 2022





Tháinig borradh mór faoin éileamh a bhí ag paisinéirí ar sheirbhísí de chuid Expressway.

Pinsin

Is é €396.5 milliún glandliteanas na scéime pinsean le sochar sainithe ag deireadh na bliana, laghdú €450m le linn 2022. Cé gur tháinig laghdú 17% ar luach cóir shócmhainní na Scéimeanna i rith na bliana, rinneadh é sin a chúiteamh (agus a shárú) leis an laghdú ar luach measta dhliteanas na scéimeanna amach anseo mar thoradh ar an ráta lascaine níos airde ag deireadh na bliana.

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Scéim Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin, tá siad á gcistiú ag sócmhainní nach beag atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Glactar leis sa chostas bliantúil a bhaineann le sochair scoir a sholáthar go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanas an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha.

Riosca nach beag is ea é go mbímid faoi lé luaineacht sna rátaí úis fadtéarmacha, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú.

I mí Iúil 2022, d'fhormheas an tAire Iompair Ionstraimí Reachtúla leasaithe i leith na Scéime Pá Rialta, lenar cuireadh i bhfeidhm athruithe a comhaontaíodh ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus a d'fhormheas na baill foirne. Tá na hathruithe sin beartaithe lena chinntiú go mbeidh cistí leordhóthanacha ag an Scéim Pá Rialta.

I mballóid foirne i mí na Bealtaine 2021, glacadh le Moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le tograí i leith Scéim 1951 agus ghlac CIÉ leis an togra sin mar an t-aon bhonn amháin chun Togra Maoiniúcháin athbhreithnithe a fhorbairt i leith na Scéime sin. Mar gheall ar agóidí a rinne Coiste Scéim 1951, níl na hathruithe sin curtha chun feidhme go fóill, ach tá CIÉ meáite ar leanúint ar aghaidh leis na tograí sin, lena bhféachtar lena chinntiú go mbeidh Scéim 1951 inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de.

SIGNATURE REQUIRED??

Fiona O'Shea

Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Mórfhorbairtí ó thaobh Oibríochtaí de

In 2022, lean an Grúpa ag tacú le geilleagar agus sochaí na hÉireann i gcoitinne agus an tír ag teacht chuici féin as dúshlán phaindéim COVID-19. Trína fhochuideachtaí, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, bhí ríméad ar Ghrúpa CIÉ gur tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí – faoi dheireadh na bliana bhí an líon paisinéirí ar ais ar an leibhéal céanna a bhíodh i gceist roimh an bpaindéim. Leanadh ar aghaidh ag cur leis na seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre agus chuir CIÉ Tours de bliain iomlán oibríochta nuair a d'fhill turasóirí Meiriceánacha ar oileán na hÉireann agus ar chinn scríbe eile san Eoraip.

Freagairt ar COVID-19

Le tamall de bhlianta anuas ar fud Ghrúpa CIÉ, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar Phleananna maidir le Freagairt do COVID-19 de réir mar a tháinig an treoir ón Rialtas chun cinn. Cuireadh na pleananna sin i bhfeidhm go leanúnach trínár bhfoirne tiomnaithe um fhreagairt do COVID-19, foirne a sholáthair tacaíocht leanúnach dár gcomhghleacaithe go léir chun comhlíonadh na bprótacal ábhartha a chinntiú agus chun an baol a íoslaghdú i gcás na bpaisinéirí, ár bhfostaithe agus ár soláthraithe.

In 2022, rinneadh na Pleananna Freagartha a oiriúnú de réir mar a d'fhilliamar ar an saol tar éis na paidéime ar fud na tíre. Beidh Grúpa CIÉ fós faoi threoir ag an Rialtas, FSS, an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí ábhartha Rialtais eile ó thaobh cinntí sláinte poiblí de.

Bus Átha Cliath

Breis is 3,800 duine atá ag obair le Bus Átha Cliath agus is tréitheach, éagsúil an dream iad.

Bhíomar dírithe go háirithe in 2022 ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht seirbhíse agus iontaofacht do chustaiméirí ar fud Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath agus ar príomhthionscadail stáit, amhail BusConnects agus leictriú fhlít busanna na cathrach, a chur i bhfeidhm.

Seachas na príomhdhúshlán oibriúcháin a bhain le feidhmíocht seirbhíse agus iontaofacht, ba iad seo na buaicphointí ba mhó:

- 121m aistear paisinéara (méadú ó 70m in 2021).
- Barrachas airgeadais €0.4m (2021: barrachas €5.8m) agus glansócmhainní €45.0m (2021: €44.5m).
- Seoladh céim a trí de BusConnects, an Cuarbhealach Thuaidh, i mí na Bealtaine 2022 ag Iosta Bhaile Anraí, rud a d'fhág go raibh 1,300 aistear breise in aghaidh na seachtaine ar bun.

Is é Bus Átha Cliath an t-aon oibreoir iompair phoiblí a bhíonn ag feidhmiú de lá is d'óiche i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil deich mbealach 24 uair an chloig á rith anois.





Seoladh Céim 4 (Conair G) de BusConnects i mí Dheireadh Fómhair 2022, lenar cuimsíodh bealach G1, bealach G2 agus bealach 60.
L-R: Sorin Costica, Head of Operations, Bus Átha Cliath; Zoe Bailey, Driver, Bus Átha Cliath; Tim Gaston, Director of Public Transport Services, NTA.

- Seoladh céim a ceathair de BusConnects, Conair G, i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is as iosta Bhóthar Conyngham a ritheann na seirbhísí bus sin, agus tá 500 aistear breise in aghaidh na seachtaine á ndéanamh dá mbarr – méadú 34%
- Cuireadh trí bhealach nua 24/7 ar bun, rud a fhágfaidh gur féidir aistir shlána a dhéanamh san oíche agus go mbeidh borradh faoi gheilleagar na hoíche i mBaile Átha Cliath.
- Cuireadh 47 bus hibrideach nua leis an bhflít.

Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí i mbailte agus cathracha ar fud na tíre, agus eatarthu. Trí ghnó atá ag Bus Éireann, gnó na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), Expressway, agus an tSeirbhís Iompair Scoile, agus déanann Bus Éireann daoine a nascadh le chéile agus leis na rudaí is ansa leo, ar fud na tíre, gach uile sheachtain.

Ba iad buaicphointí na bliana 2022:

- 89.5m aistear custaiméara ar sheirbhísí sceidealta agus ar bhusanna scoile (méadú ó 57.5m in 2021).
- Laghdú 9% ar líon na dtimpistí a tharla do phaisinéirí in aghaidh gach milliún ciliméadar a clúdaíodh
- Ráta 92% bainte amach i leith sásamh custaiméirí faoi dheireadh na bliana
- Easnamh airgeadais €1.5m (2021: easnamh €1.6m) agus glansócmhainní €31.6m (2021: €33.1m).

- Bainistíocht na Scéime Iompar Scoile, faoinar eisíodh ticéid do 151,000 páiste, an líon is mó riamh, nuair a cuireadh deireadh le táillí i leith 2022/3 mar bheart chun cuidiú le costais mhaireachtála, agus iompar na bpáistí sin chun na scoile, ar bhreis is 8,900 bealach gach lá scoile, trí úsáid a bhaint as conraitheoirí seachtracha den chuid is mó.
- Leictriú a dhéanamh ar iosta Bhaile Átha Luain chun freastal ar an gcéad seirbhís baile uile-leictreach in Éirinn gan aon astaíochtaí ó sceithphíopaí.
- Dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair conradh orainn chun busanna a rith ar Chonair Chomaitéireachta Cósta an Oirthir, 101/133.
- Dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair conradh orainn chun seirbhís nua bhaile Cheatharlach a fheidhmiú.
- De bharr seirbhísí OSP nua a tugadh isteach faoi Phlean Soghluaiseachta Tuaithe de chuid 'Éire á Nascadh', cuireadh nascacht bhreise 1.7 milliún ciliméadar leis an ngréasán, lenar freastalaíodh ar áiteanna mar Bhaile an Bhuinneánaigh, Caiseal agus Droichead Átha.
- Cuireadh breis is 30 feithicil nua le flít Bhus Éireann. Ina measc siúd bhí na chéad fheithicil lánleictreacha a cuireadh ar an mbóthar in Éirinn.
- Osclaíodh foirgneamh riaracháin atá geall le bheith saor ó astaíochtaí i mBaile an Róistigh i Luimneach
- I measc na ngradam a bronnadh orainn bhí Cuideachta Iompair Paisinéirí na Bliana de chuid ILTA, Gradam Tionchair Ghlais de chuid ILTA, Gradam Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais de chuid *Business and Finance* i leith Slabhra Soláthair Inbhuanaithe agus Gradam Gnóthachtála SEAI den Earnáil Phoiblí.



Bus Éireann ag seoladh Smart Ticketing for School Transport. C-D: Danny McCarthy, Príomhoifigeach Faisnéise; Siobhán Griffin, Bainisteoir Iompar Scoile Bhaile Átha Cliath; Dermot Kelly, Bainisteoir Sinsearach, Comhpháirtí Gnó TF; Stephen Kent, POF; Miriam Flynn, Príomhbhainisteoir Scoileanna; Rishil Sood, Bainisteoir Sinsearach Tionscadail TF

Iarnród Éireann

Is é Iarnród Éireann a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid náisiúnta na hÉireann, agus a dhéanann gréasán iarnróid na tíre a fhorbairt agus a fheidhmiú.

I measc bhuaicphointí oibriúcháin Iarnród Éireann don bhliain 2022 tá siad seo a leanas:

- 35.8m aistear paisinéara (17.4m in 2021), níos mó ná dhá oiread líon na bliana roimhe sin de bharr deireadh a bheith le srianta COVID-19.
- Cuireadh feabhas ar an amchlár ar an iarnród ó Chorcaigh go Cóbh/Mainistir na Corann i mí Iúil, agus ar roinnt bealaí eile, a fhreastalaíonn ar Dhroichead Nua, Collchoill, Ceatharlach, Béal an Átha agus Cathair na Mart i measc eile, i mí na Nollag.
- Barrachas airgeadais €1.7m roimh chánachas (2021: barrachas €2.6m) agus glansócmhainní €47.5m (2021: €46.6m).
- Infheistíocht leanúnach sa bhonneagar agus sa fhlíit agus feabhas leanúnach orthu chun freastal ar an mborradh a bheidh faoi ghréasán iarnróid inbhuanaithe, lena n-áirítear na príomhthionscadail seo a leanas:
 - An Clár DART+: Tá gach gné bhonneagair de Chlár DART+ sa phróiseas deartha agus pleanála, agus baineadh amach garsprioc mhór nuair a rinneadh an chéad iarratas ar Ordú Iarnróid (DART+ an Iarthair) i mí Iúil 2022. Faoin gclár sin, a chuirfidh go mór le hacmhainneacht agus inbhuanaitheacht ghréasán iarnróid Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, ordáíodh 90 carráiste breise freisin don fhlíit nua DART+. San iomlán, tá 185 carráiste ordaithe anois don fhlíit

ionas go mbeidh sé ar an gceann is mó agus is inbhuanaithe i ngréasán iompair phoiblí na hÉireann.

- Carranna iarnróid nua Intercity: Ina theannta sin, thosaigh na 41 Carr Iarnróid Intercity breise – a ordáíodh i mí na Nollag 2019 agus atá á monarú ag Hyundai Rotem sa Chóiré Theas – ag teacht chomh fada linn i mí Lúnasa 2022 agus bhí 27 acu faighte faoi dheireadh na bliana. Cuirfear na feithiclí sin i mbun seirbhíse in 2023 tar éis tástáil agus faomhadh a dhéanamh orthu.
- Seirbhísí Comaitéireachta Cheantar Chorcaí: Tá an clár seo á chistiú faoin gCiste Eorpach um Athléimneacht agus Athléimneacht (EURRF). Rinneadh dul chun cinn nach beag ina leith i gcás gach ceann de na trí uailmhian atá againn i dtaobh forbairt iarnróid i gCorcaigh: rinneadh iarratas ar Ordú Iarnróid chun dhá rian a dhéanamh den líne idir Gleanntán agus Mainistir na Corann, rinneadh dul chun cinn leis an obair dheartha i leith comharthaí nua, agus fuarthas cead pleanála le haghaidh ardán eile a chur le Stáisiún an Cheanntaigh.
- An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha: Críochnaíodh ag tógáil fhoirgneamh an Ionaid nua ag Stáisiún Heuston i mí na Samhna 2022. Críochnaíodh dearadh Chóras Bainistíochta Trácht an Ionaid (i.e. an córas a bhainistíodh trácht iarnróid nuair a bheidh an tIonad ag feidhmiú) in 2022, agus táthar tosaithe ar an gcéim forbartha bogearraí. Táthar ag tuar go gcuirfear tús leis na hoibreacha chun crua-earraí a shuiteáil ar an láthair don Chóras Bainistíochta Trácht sa tríú ráithe de 2023, agus go mbeidh tástáil agus coimisiúnú déanta ar an gcóras iomlán faoi dheireadh 2024.



Chuir Iarnród Éireann isteach an dara hordú le Alston i leith 90 carráiste ceallra-leictreach DART+ i mí na Samhna 2022. Ba é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a d'foc as na carráistí sin. Ó chlé go deas: Jim Meade, Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann; Anne Graham, Príomhfheidhmeannach, Údarás Náisiúnta Iompair; Nick Crossfield, Stiúrthóir Bainistíochta, Alstom UK & Ireland.

- Ról an iarnróid sna cathracha réigiúnacha a fheabhsú: Cuireadh an phríomhthosaíocht straitéiseach seo chun cinn i gCorcaigh (thuas), agus i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge. Nuair a deimhníodh Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh agus na Sionainne (LSMATS), tosaíodh ag dearadh stáisiún nua ag Maigh Rois, agus dhá rian ó Luimneach go hAcomhal Luimnigh. Eisíodh gairm ar thairiscintí i mí na Nollag chun athfhorbairt a dhéanamh ar Stáisiún Cheannt i nGaillimh. Faoin tionscadal sin, cuirfeadh feabhas ar eispéireas na bpaísínéirí sa stáisiún agus comhtháthófar an stáisiún leis an bhforbraíocht nua atá beartaithe ó dheas, feabhsófar an comhtháthú idir seirbhísí bus agus seirbhísí iarnróid, agus éascófar do mhéadú acmhainne amach anseo. Dhámh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an Conradh foirgníochta i leith thionscadal na gCéanna Thuaidh i bPort Láirge, lena n-áirítear Stáisiún Phluincéid a athlonnú.
- Faoi iarratas ar chistiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a rinneadh in 2022 agus ar éirigh leis, deonófar maoiniú 50% chun tacú le cur i bhfeidhm an chlár uailmhianaigh a leagtar amach i straitéis *Rail Freight 2040* [Lastas Iarnróid 2040] na cuideachta. I measc cholúin na straitéise sin tá feabhsú an bhonneagair ag na calafoirt. Fuarthas cistiú ón Roinn Iompair i mí na Nollag 2022 chun tús a chur leis an tionscadal chun an nasc iarnróid ó Luimneach go Calafort Fhainge a chur ar bun arís le haghaidh lastas iarnróid. Leanadh den obair in 2022 chun gnó a fháil, fuarthas cistiú le haghaidh flít agus bonneagar nua agus rinneadh neartú ar an bhfoireann Lastas Iarnróid.

Europort Ros Láir

- Europort Ros Láir: Bhí borradh fós faoi Europort Ros Láir in 2022, tráth ar cuireadh breis agus 200,000 aonad lastais tríd an gcalafort den chéad uair – is ionann sin agus méadú 5% bliain ar bhliain i dtaobh lastais agus méadú carnach 53% ó 2020 i leith. Tugadh isteach seirbhís nua dhá uair sa tseachtain chuig Zeebrugge i gcomhar le Finnlines, atá ina chuid de Ghrúpa Grimaldi, agus anois bíonn breis agus 34 seirbhís díreach Ró-Ró go Ros Láir agus ar ais, ag nascadh le calafoirt Bilbao, Cherbourg, Le Havre, Dunkirk agus Zeebrugge. Fágann sin go bhfuil Europort Ros Láir fós ar príomhchalafort in Éirinn le haghaidh seirbhísí díreacha Ró-Ró/Ro-Pax chuig an Eoraip.
- Rinneadh athbhreithniú ar Mháistirphlean Ros Láir in 2022, mar gheall ar an mborradh mór atá fós faoin ngnó ann agus chun freastal ar an iarratas chun dlús a chur le tógáil an Ionaid Rialaithe Teorann sa chalafort. Thángthas ar chomhaontú leis na geallsealbhoirí go léir maidir le céimeanna éagsúla na n-oibreacha agus tosófar orthu sa dara ráithe de 2023. Leanadh den dul chun cinn leis an dearadh, an cistiú agus an próiseas pleanála i gcomhair na saoráide fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a bheidh ag Europort Ros Láir. Tá foireann iomlán tionscadail i bhfeidhm ar fud na ndisciplíní éagsúla agus baineadh amach roinnt garspriocanna tábhachtacha in 2022 lena chinntiú gur féidir an tionscadal a thabhairt i gcrích faoi 2026, lena n-áirítear comhairliúchán margaidh, comhairleoirí airgeadais a cheapadh, dearadh, cur i bhfeidhm i limistéar an chladaigh agus dul i mbun staidéir éagsúla a theastaíonn mar chuid den phróiseas um thoilíú pleanála.



Grianghraf a tógadh an 10 Deireadh Fómhair, 2022 ag Westin Dublin lena cheiliúradh go raibh CIÉ Tours 90 bliain ar an bhfód (ó chlé go deas): Lorcan O'Connor, Príomhfheidhmeannach Ghrúpa CIÉ; Fiona Ross, Cathaoirleach Ghrúpa CIÉ; Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; Elizabeth Crabill, Príomhfheidhmeannach, CIÉ Tours; agus Stephen Cotter, Príomhoifigeach Oibríochta, CIÉ Tours.

CIÉ Tours

Ba bhliain í 2022 ina raibh tús úr ag CIÉ Tours, ag earnáil turasóireachta na hÉireann agus ag an ngeilleagar taistil ar domhan tar éis tréimhse 1.5 bliain ina raibh teorainneacha dúnta agus srianta taistil i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19. Ó Eanáir 2022, nuair a cuireadh deireadh le formhór na srianta ar thaisteal isteach go dtí Éire agus an Ríocht Aontaithe, go dtí mí an Mheithimh 2022 nuair a chuir na Stáit Aontaithe deireadh leis an gceanglas go dtaispeánfadh lucht taistil tástáil dhiúltach COVID-19 ag an teorainn, tháinig méadú mór ar áirithintí ó mhuintir na Stáit Aontaithe. Faoin am go raibh gach ceann scríbe de chuid CIÉ Tours ag cur fáilte roimh dhaoine arís, tháinig borradh mór faoin éileamh ó chustaiméirí sna Stáit Aontaithe agus tosaíodh arís ar an infheistíocht sa mhargaíocht, cé go raibh an infheistíocht sin fós ní b'ísle ná mar a bhí roimh an bpaindéim i gcomhthéacs rialuithe leanúnacha costais de bharr éiginnteacht a bheith fós i réim i margáil taistil Mheiriceá Thuaidh agus na hEorpa. Chuir Éire in iúl don domhan go raibh fáilte roimh chách thart ar Lá Fhéile Pádraig 2022 nuair a tosaíodh arís ar fheachtais de chuid Thurasóireacht Éireann chun an tír seo a chur chun cinn mar cheann scríbe sna Stáit Aontaithe agus thar lear. Thosaigh CIÉ Tours ag feidhmiú an tséasúir turas i mí an Mhárta 2022 – an chéad séasúr oibriúcháin iomlán le trí bliana anuas – agus faoi dheireadh na bliana bhí gach cuma ar an scéal go mbeadh téarnamh ann a sheasfaidh tamall de bhlianta.

Ba in 1932 a bunaíodh CIÉ Tours agus bhí 90 bliain ar an bhfód á cheiliúradh aige in 2022. Rinne sé an ócáid a chomóradh le sraith feachtas le custaiméirí, fostaithe, comhpháirtithe agus soláthraithe chun aird a dhíriú ar fhad saoil an bhranda, ar nuálaíocht agus ar oidhreacht. Cuireadh imeachtaí ar bun i Nua-Eabhrac agus i mBaile Átha Cliath chun aird a dhíriú ar an mbranda. Bhí an

chéad imeacht ar siúl i Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí an Mheithimh 2022 i Nua-Eabhrac, agus cuireadh clabhsúr ar na hócáidí comórtha 90 bliain i mí Dheireadh Fómhair 2022 le himeacht i mBaile Átha Cliath ag a raibh Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i láthair mar aoi oinigh. Tháinig breis is 150 duine le chéile chun an ócáid a cheiliúradh, agus iad ag déanamh ionadaíocht thar ceann óstán, láithreacha turasóireachta agus ceannairí ó thionscal na turasóireachta. Mar aitheantas ar an ról mór atá ag CIÉ Tours i gcúrsaí turasóireachta na hÉireann, thug an Taoiseach, Micheál Martin, **fisteachtaireacht speisialta** ag an ócáid. Agus comhghairdeas á dhéanamh aige le CIÉ Tours, thug an Taoiseach aitheantas don mhéid a chuir CIÉ Tours le geilleagar turasóireachta na hÉireann, lena n-áirítear tacú le fostaíocht i gceantair thuaithe trí chuairteoirí a thabhairt chuig gach cearn den tír.

In 2022, thug CIÉ Tours faoi shraith tionscadal chun an chéad phlean inbhuanaitheachta riamh de chuid na cuideachta a chur ar bun. Bhunaigh CIÉ Tours gealltanais maidir le cúrsaí comhshaoil, cúrsaí sóisialta agus cúrsaí geilleagracha chun tionchar dearfach a imirt agus lorg carbóin na cuideachta a laghdú sna blianta amach romhainn. Bhí na gealltanais sin ag teacht leis na cinn atá tugtha ag Grúpa CIÉ. Rinne bord CIÉ Tours an plean inbhuanaitheachta a fhorghabháil i mí na Nollag 2022. Tá sé ag teacht le creat Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus áirítear leis *Beartas maidir le Turasóireacht Fhreagrach* agus treochlár ardleibhéil le haghaidh gníomhaíochta. Leis na gealltanais sin, léirítear an deis mhór atá le tapú ag CIÉ Tours, an chuideachta taistil is mó faoi úinéireacht Éireannach i Meiriceá Thuaidh, chun dea-thionchar a imirt ar an gcomhshaoil, ar thionscal na turasóireachta agus ar gheilleagar na hÉireann.

CIÉ Holding Company

Tá CIÉ, máthairchuideachta an Ghrúpa, freagrach as rialachas foriomlán an Ghrúpa de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus de réir ionchais ár scairshealbhóra, an tAire Iompair, as bainistiú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ agus a phunann réadmhaoine agus, ar deireadh, as raon sainseirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar don Ghrúpa. I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- réadmhaoine Ghrúpa CIÉ a bhainistiú chun sruth ioncaim coimhdeach a sholáthar a chuidíonn leis na seirbhísí iompair phoiblí a chistiú
- bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí feidhmchláir a sholáthar
- seirbhísí bainistíochta riosca
- seirbhísí bainistíochta éileamh
- sainseirbhísí dlí
- bainistíocht cisteáin
- riar na scéimeanna pinsean

Baineadh amach na mór-éachtaí oibríochta seo a leanas in 2022:

- Is díol réadmhaoine forbraíochta le linn 2022 is cúis go háirithe leis an mbrabús €34m ar dhiúscairt.
- Tugadh i gcrích an dara céim d'fhorbairt Dhuga Spencer, lenar soláthraíodh c. 40,000 méadar cearnach d'oifigí ina bhfuil Salesforce, óstán 200 seomra (Óstán Samuel), agus 393 aonad cónaithe.
- Bunú Chiste Inbhuanaitheacht CIÉ, chun tacú le tionscadail a chuideoidh le baint amach na spriocanna a leagtar amach i Straitéis Inbhuanaitheachta 2020 an Ghrúpa.
- Aistríodh na hOibríochtaí TF chuig Soláthraí Seirbhíse TF Bainistithe nua gan aon fhadhbanna, rud a chuidigh le caighdeán níos airde seirbhíse agus slándála a bhaint amach ar chostas níos ísle ná mar a bhí i gceist roimhe sin.
- Cuireadh i bhfeidhm ardán cumarsáide aontaithe ar fud na tíre in ionad an ardáin a bhíodh in úsáid ag gach Cuideachta Oibríoch de chuid CIÉ.
- Bunaíodh Seirbhísí Comhroinnte Fiontraíochta CIÉ chun na Seirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn an Chuideachta Sealbhaíochta a ailíniú le Cuideachtaí Oibríochta CIÉ.
- Forbraíodh sraith nua de Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse atá tugtha cothrom le dáta, de réir fhormaidí caighdeánacha an tionscail, chuig Cuideachtaí Oibríochta CIÉ.

- D'éirigh leis an bpróiseas tairisceana don Ghnó Fógraíochta Allamuigh – dámhadh conradh nua 5 bliana ar Global Media i leith na tréimhse 2023 go 2027.
- Tháinig borradh faoin ioncam fógraíochta le deireadh ré COVID-19.

Cód Cleachtais

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Grúpa CIÉ an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chinntiú i ngach ghné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud Ghrúpa CIÉ in 2022 cloí le ceanglais na rialachán sin.

Comhairleoireacht agus Costais Dlí

Íocann Grúpa CIÉ as seirbhísí comhairleoireachta i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn leis an gcinnteoireacht éifeachtach laistigh den eagraíocht i réimsí casta sa chás nach furasta na scileanna a aimsiú laistigh den eagraíocht féin. Seo thíos achoimre ar na réimsí caiteachais ar an gcomhairleoireacht a thabhaigh Grúpa CIÉ in 2022.

Consultancy Costs	€'000
Costais Chomhairleoireachta	22,470
Bonneagar (Infheistíocht Chaipitil san áireamh)	2,910
Pinsin agus Acmhainní Daonna	1,606
Gnéithe Oibríocháin agus Eile	2,251
Straitéis agus Dearnadh na hEagraíochta	479
Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais	1,642
Dlí	233
Caidreamh Poiblí / Margaíocht	31,590
Ollchostais Chomhairleoireachta	(22,289)
Costais Chaipitlithe	9,301
Glanchoistais Chomhairleoireachta	

Thabhaigh Grúpa CIÉ costais socraíochta €3.8m agus costais ghaolmhara dlí €1.3m in 2022, i ndáil le cásanna dlí a chosain breis is €50,000.

Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena áirithiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais.

I gcás na soláthairtí uile a bhí os cionn na tairsí cáilíochta, cuireadh faoi réir tairiscint oscailte iad agus cuireadh fógra fúthu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nuair ba chúil sin. Comhlíonann Grúpa CIÉ an Cód Caiteachais Phoiblí a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2013.

Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 11,204 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2022, sin 379 duine sa bhreis ar líon na bliana 2021.

Rannpháirtíocht na mBall Foirne

Is iad ár mbaill foirne an ghné is riachtanaí chun seirbhís iompair phoiblí a sholáthar atá iontaofa, sábháilte agus éifeachtúil. Le blianta beaga anuas, tá ár bhfostaithe tar éis dul i ngleic leis na dúshláin bhreise iomadúla a bhain le seirbhís a sholáthar le linn phaindéim COVID-19 agus bhí ríméad orainn nuair a maolaíodh na srianta agus nuair a tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí in 2022. Is é beartas an Ghrúpa é an obair a dhéanann na baill foirne a bharrfheabhsú trí chultúr rannpháirtíochta agus cultúr oibre foirne. Spreagtar na fostaithe go léir chun páirt a ghlacadh i réachtáil an Ghrúpa trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meitheacha agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Grúpa CIÉ meáite ar thimpeallacht a chothú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina dtéitear in oiriúint do dhifríochtaí agus a gcuirtear fáilte rompu. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chothú inar féidir le cách lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina mbíonn meas ar réimse leathan cumas, buanna agus meonta aonair.

D'fháiltigh an Grúpa roimh fhaisnéis a d'fhoilsigh Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath faoin bpá a íoctar le fir agus mná, faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Léirigh na torthaí gur aithin gach ceann de na cuideachtaí oibríochta an gá atá ann cur le líon na mban, go háirithe i gcás tiománaithe bus agus innealtóirí, gairmeacha nach bhfuil sciar chothrom ban iontu. Leanfaidh an Grúpa lena chuid oibre maidir le mná a mhealladh isteach sna réimsí sin amach anseo, chomh maith leis na mná atá fostaithe leis a spreagadh chun dul chun cinn a dhéanamh i nGrúpa CIÉ.

Rannpháirtíocht leis na Geallsealbhóirí Seachtracha

Tugann Grúpa CIÉ tús áite don obair le geallsealbhóirí chun tacú le cuspóirí náisiúnta iompair, cuspóirí sóisialta agus cuspóirí i dtaobh na hinbhuanaitheachta. Bímid ag féachaint le bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe chun deiseanna a thapú i dtaobh eolas a chomhroinnt agus na cuspóirí atá againn araon a bhaint amach.

Aithníonn an Grúpa an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair ar fud an tionscail agus ar fud an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag an tír seo maidir le forbairt agus leis an aeráid, agus ionchur a chur ar fáil do cheapadh beartais na tíre i dtaobh an iompair agus na hinbhuanaitheachta. I rith 2022, bhí Grúpa CIÉ ag obair le Eirgrid, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), NewEra, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair, an Roinn Comhshaoil agus Aeráide agus Cumarsáide agus Hydrogen Mobility Ireland, i measc eile, chun straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ a ailíniú le hionchais na ngeallsealbhóirí. Agus an luach a bhaineann le taighde agus nuálaíocht cheannródáíoch á aithint aige, tá Grúpa CIÉ ag obair i gcomhpháirtíocht le hinstiúidí taighde agus forbartha agus le lucht déanta beartais, lena n-áirítear Instiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, OÉ Gaillimh agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun saineolaithe a thabhairt le chéile ionas gur féidir an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach. Féachaimid le bheith ag obair le comhpháirtithe atá tiomanta don inbhuanaitheacht agus ba chúis bhróid againn é a bheith ag obair le Microsoft chun néal-uirlis inbhuanaitheachta a fhorbairt. D'fhág an taithí sin a fuair Grúpa CIÉ go raibh ar a chumas deiseanna a aithint chun dícharbónú a dhéanamh agus feabhas a chur ar a fheidhmíocht i dtaobh na hinbhuanaitheachta.



Bualphointí

Ráiteas an Chathairligh

Athbhreithniú

Ráitis Airgeadais

Inbhuanaitheacht



An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn

Is plean gníomhaíochta í straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ atá á chur i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ. Is é ár gcuspóir uileghabhálach é na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhach ar son na hAeráide 2023 (PGA) a bhaint amach agus tacú le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.


Is é an misean atá againn rogha iompair ísealcharbóin a chur ar fáil, lena ndéanfar pobail a nascadh, inrochtaineacht a uasmhádú agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus lena dtacófar leis an bhfás dlúth. Táimid meáite ar bheith inár ngnó ciorclach lán-inbhuanaithe agus do bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe, mar chuid de chur chuige comhtháite náisiúnta. Tá punann ar leith sócmhainní agus acmhainní againn atá á ngiaráil go straitéiseach againn chun ár n-oibríochtaí féin a ailíniú a mhéid is féidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ dírithe ar thrí cholún na hinbhuanaitheachta: an ghné shóisialta, an ghné gheilleagrach agus gné an chomhshaoil. Chun féachaint chuige go mbeidh léargas iomlánaíoch againn ar an inbhuanaitheacht, tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe cuimsithe sa straitéis sin againn freisin.

Tá na struchtúir rialachais aeráide is fearr curtha i bhfeidhm ag Bord CIÉ agus ag cuideachtaí an Ghrúpa lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár ngealltanais agus go ndéanaimid bainistíocht ar na rioscaí agus na deiseanna a ghabhann leis an aistriú oibríúcháin agus an aistriú straitéise. Mar

chuid den struchtúr rialachais sin, tacaítear le haidhmeanna agus spriocanna straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus déantar iad a stiúradh agus a leagan amach ar bhonn lárnach ar fud na bhfochuideachtaí oibríúcháin. Comhordaítear an beartas i dtaobh na bpríomhréimsí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear soláthar poiblí glas, bainistíocht uisce agus bainistíocht fuinnimh, lena gcuimsítear hidrigin, bithbhreoslaí agus comhaontuithe corparáideacha um cheannach fuinnimh, réitigh taobh thiar de na méadair agus forbairt micrighiniúna. Táimid ag díriú go háirithe ar an ngeilleagar ciorclach agus ar fheabhas a chur ar bhainistíocht acmhainní, mar aon le hathrú cultúir a chothú agus scileanna inbhuanaitheachta a fhorbairt i measc fhostaithe uile an Ghrúpa. Tá na cuideachtaí oibríochta i mbun obair ullmhúcháin le chéile freisin chun ár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a thomhas, faireachán a dhéanamh uirthi agus í a nochtadh agus a thuairisciú don Choimisiún Eorpach tríd an tuairisciú corparáideach ar inbhuanaitheacht in 2026.

Mar chuid dár dtiomantas i dtaobh a bheith inár ngnólacht lán-inbhuanaithe, d'fhorhmeas Bord CIÉ bunú **Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ** in 2022 chun cur i bhfeidhm na straitéise a mhaoiniú. Sa chéad bhliain den Chiste Inbhuanaitheachta, bhunaigh Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus gach ceann de Chuideachtaí Oibríochta CIÉ cláir chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach i réimsí amhail laghdú agus athchúrsáil dramhaíola, oiliúint inbhuanaitheachta don fhoireann, éifeachtúlacht fuinnimh, taighde agus forbairt maidir le teicneolaíocht ísealcharbóin, bithéagsúlacht, agus caomhnú uisce.





Bus hibidreach dhá urlár i gCathair Luimnigh.

Tá Grúpa CIÉ, in éineacht lenár ngeallsealbhóirí, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, ag obair chun rogha iompair ísealcharbóin a sholáthar, lena gcuirfear seirbhísí ar ardchaighdeán agus ar ardmhíniú ar fáil do phobal atá ag fás. I mí na Nollag 2022, thug Éire cothrom le dáta a pleananna i leith na haeráide agus foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (PGA), ina soláthraítear creat chun sprioc an Rialtais a bhaint amach maidir le laghdú 51% a bheith ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid le 2018) agus sprioc fhadtéarmach maidir le bheith saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2050.

Tá ról tábhachtach ag Grúpa CIÉ i ndáil le cuspóirí an phlean sin agus cuspóirí [an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe](#) a bhaint amach trí bhealaí taistil atá sábháilte, glas, inrochtana agus éifeachtúil a chur ar fáil in ionad aistir i gcarranna. Sa Phlean Gníomhaithe don Aeráid, díreann ar mhéadú 130% ar líon na n-aistear iompair phoiblí a bhaint amach faoi 2030. Tá Grúpa CIÉ ag obair chun an méid sin a bhaint amach trí leathnú a dhéanamh ar ár ngréasáin faoi na Cláir [BusConnects](#) agus [DART+](#). De réir mar a sholáthraíonn Grúpa CIÉ tuilleadh aistir iompair phoiblí, tacaímid le baint amach spriocanna aeráide náisiúnta na hÉireann trí rogha ísealcharbóin a chur ar fáil in ionad carranna príobháideacha.

Idir 1990 agus 2021, is san earnáil iompair a tharla ann t-ardú foriomlán ba mhó ar astaíochtaí gas ceaptha teasa. [Méadú 112%](#) a bhí i gceist. Roimh phaindeim COVID-19, bhí an earnáil iompair freagrach as breis agus [40% de na hastaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh](#). Léiríonn an méid sin an oiread astaíochtaí a thagann

ón earnáil iompair, ina bhfuil sciar níos mó astaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh ná an sciar den éileamh ar fuinneamh. Leagtar béim leis sin ar an ról atá ag an iompar poiblí maidir le haistriú córa iompair a spreagadh, astaíochtaí a laghdú agus bealaí iompair a chur ar fáil nach bhfuil chomh dian ar charbón agus atá tíosach ar fuinneamh. Ag deireadh 2022, bhí líon na bpaisinéirí ar fud Ghrúpa CIÉ ar ais ar na leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindeim i mbliain ina ndearnadh 246.7 milliún aistear. Is dúshlán é sin i leith ár spriocanna maidir le hastaíochtaí a laghdú, agus muid ag iarraidh é sin a dhéanamh agus ár seirbhísí paisinéirí a fheabhsú agus a mhéadú ar fud na hÉireann an tráth céanna.

Tá Grúpa CIÉ i mbun gnímh chun a spriocanna maidir le laghdú gás ceaptha teasa a bhaint amach trí aistriú go teicneolaíocht astaíochtaí ísle agus teicneolaíocht saor ó astaíochtaí ina chuid feithiclí agus trí bhearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhaolú agus a fheabhsú ar fud na n-oibríochtaí. Anuas ar shraith chuimsitheach beart éifeachtúlachta fuinnimh i ndáil le hoibríochtaí agus foirgnimh, tá Grúpa CIÉ ag fiosrú an bhféadfaí cur leis an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh a ídímid. Leis an aistriú ó fhílít solúbtha feithiclí breosla iontaise go seirbhís atá saor ó astaíochtaí, beidh rioscaí agus deiseanna nua romhainn agus beidh dúshlán oibríocháin le sárú againn. De bharr leictirí na seirbhísí comaitéireachta ard-dlúis ar fud an fhílít iarnróid agus busanna, cuirfear go mór lenár n-éileamh ar leictreachas agus beidh gá le huasghrádú pleanáilte ar ár stáisiúin agus ár n-iostaí chun tacú leis an leictirí. Chun an t-éileamh a dhéanamh ar eangach leictreach na hÉireann a chothromú, tá Grúpa CIÉ ag



Athróidh flít nua DART+ eispéireas an chustaiméara ar sheirbhís iarnróid Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

féachaint freisin ar theicneolaíochtaí eile seachas leictriú. Cruthaíonn cianseirbhísí iarnróid agus bus agus cinn idirchathrach dúshláin teicneolaíochta tráth a bhfuilimid ar ár ndícheall ag baint amach spriocanna na bliana 2030, dúshláin a bhfuil Grúpa CIÉ ag tabhairt aghaidh orthu trí bheith ag obair le nuálaithe sa tionscal chun réitigh theicneolaíochta a chur i bhfeidhm.

Tá ról tábhachtach ag an straitéis inbhuanaitheachta atá againn maidir leis na cuspóirí forbartha náisiúnta a bhaint amach. Tá punann nach beag réadmhaoine ag Grúpa CIÉ agus táimid ag iarraidh an spás poiblí a fheabhsú agus aistriú córa iompair a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbraíochtaí atá dírithe ar iompar.

In 2022, chuir Grúpa CIÉ chun cinn an phleanáil i leith forbraíochtaí den sórt sin i bpríomhláithreacha sna réigiúin agus sna cathracha, agus cuireadh forbairt uirbeach ardchaighdeán chun cinn thart timpeall ar mhór-mhoil iompair. Táimid ag obair ar fud Ghrúpa CIÉ ar phlean deich mbliana maidir le tionscadail shuaithinseacha amhail Máistirphlean Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.




Táimid meáite ar thrédhearcacht agus cuntasacht a léiriú maidir le nochtadh sonraí a bhaineann leis an aeráid, agus é a bheith le feiceáil go bhfuil ár spriocanna á mbaint amach againn. Tá Grúpa CIÉ ag tuairisciú ar ardán an Tionscadail um Nochtadh Carbóin gach uile bhliain ó 2020 i leith. Tar éis dó scór 'B' a fháil ar feadh dhá

bhliain as a chéile, bronnadh scór 'A-' ar Ghrúpa CIÉ agus aitheantas á thabhairt dó as ceannaireacht comhshaoil a léiriú agus as sárchleachtas a léiriú maidir le straitéis agus gníomhaíocht i dtaobh saincheisteanna aeráide.

Ghlac Grúpa CIÉ páirt sa Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid in 2021, agus in 2022 dhírigh Grúpa CIÉ ar ár gcreat bainistíochta riosca aeráide a fhorbairt tuilleadh agus ullmhú chun anailís a dhéanamh ar chásanna aeráide ar fud na gCuideachtaí Oibríochta chun cabhrú linn rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a aithint, a shainiú agus a chainníochtú. In 2022 freisin, chláraíomar chun tuairisciú faoi Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe lena chinntiú go leanfaimid an dea-chleachtas maidir le cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh, ar cinn iad atá freagrach ó thaobh na gné sóisialta de. Táimid ag forbairt ár dtuairiscithe neamhairgeadais chun ár n-oibleagáidí faoi chreataí tuairiscithe deonacha agus éigeantacha a chomhlíonadh agus lena chinntiú go mbeidh ár gcinntí bunaithe ar fhianaise. Chomh maith leis na creataí tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair, táimid ag fáil faoi réir chun tuairisciú a dhéanamh go luath in 2023 faoi Chreat NewEra um Ghníomhú ar son na hAeráide, faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus faoi Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh.

Tá Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2022 ar leithligh foilsithe ag CIÉ ina bhfuil cur síos níos mionsonraithe ar an méid atá bainte amach againn i dtaobh na hinbhuanaitheachta de.

An méid atá bainte amach ag Grúpa CIÉ i dtaobh na hInbhuanaitheachta de – Buaicphointí

Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ	Iarnród Éireann	Bus Átha Cliath	Bus Éireann
 <p>Bhunaíomar Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ, chun tacú le tionscadail a chuideoidh le baint amach na spriocanna a leagtar amach inár Straitéis Inbhuanaitheachta 2020.</p>	 <p>Rinneadh an gréasán DART atá ann faoi láthair a leathnú agus a leictriú tríd an gClár DART+, ionas go mbeidh rochtain ag níos mó daoine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar sheirbhísí iompair.</p>	 <p>Suiteáladh córas bailithe uisce báistí in iosta busanna Chnoc an tSamhraidh ionas gur lú an méid uisce a thógfaí ón gcóras poiblí agus chun an brú ar sholáthar uisce Bhaile Átha Cliath a laghdú.</p>	 <p>Bhuamar Gradam Fuinnimh SEAI 2022 don Earnáil Phoiblí</p>
 <p>Seoladh an clár Ceannaireachta i dtaobh na hInbhuanaitheachta agus oiliúint don Phas Inbhuanaitheachta i gcomhpháirtíocht le Central Solutions do bhaill foirne ar fud Grúpa CIÉ.</p>	 <p>Tá triail á baint as innill hibrideacha againn. Táthar ag súil go mbainfear amach laghdú 10% ar astaíochtaí carbóin de bharr na traenacha hibrideacha a bheith in úsáid.</p>	 <p>Suiteáladh claifort bláthanna fiáine agus coirceog i ngaráiste na Cloiche Leithne, rud a chuireann leis an mbithéagsúlacht uirbeach, a thacaíonn le pailneoirí, agus a chuireann gnáthóg ar fáil d'éin bheaga agus d'fheithidí.</p>	 <p>Chláraigh 19 bhfostaí de chuid Bhus Éireann ar an gcúrsa Bainistíochta Inbhuanaithe.</p>
 <p>Bhaineamar amach rátáil 'A-' sa Tionscal um Nochtadh Carbóin ar fud an Ghrúpa in 2022. Rinneadh cleachtadh léarscáilithe scóip 3 agus anailís ar chásanna mar chuid den tuairisc uainn</p>	 <p>Foilsíodh treoirlínte bithéagsúlachta don fhoireann bonneagair mar chuid den ghealltanas atá tugtha againn an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus na tairbhí don chomhshaol a uasmhéadú.</p>	 <p>Ghlac roinnt fostaithe páirt sa chlár Ceannaireachta Inbhuanaitheachta i gcomhpháirtíocht le Central Solutions</p>	 <p>Baineadh triail as meaisín aisdíola i mBusáras agus i stáisiún Leitir Ceanainn, mar bhealach chun custaiméirí a spreagadh a gcuid dramhaíola a thabhairt ar ais le haghaidh athchúrsála.</p>
 <p>Shíníomar Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe lena chinntiú go gcloifear leis an dea-chleachtas maidir le cearta daonna agus cleachtais saothair chothroma a chur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí agus ár slabhra breisluacha.</p>	 <p>Tugadh chun críche tástálacha comhoiriúnachta innill i ndáil le bithbhreoslaí agus ullmhaíodh chun bithbhreoslaí a úsáid ar fud an fhlíit.</p>	 <p>Chuamar i mbun comhpháirtíocht le Voi Technology chun treoirhionscadal iompair inbhuanaithe 12 mhí a sheoladh d'fhostaithe.</p>	 <p>Tugadh i gcrích an obair ullmhúcháin chun 11 bhus ceallra-leictreach aon urláir a chur ar an mbóthar i mBaile Átha Luain go luath in 2023. Táthar ag súil go spárálfaidh gach bus thart ar 60 tonna carbóin gach bliain</p>
 <p>Seoladh clár chun ríomhairí glúine a thabhairt uainn. Bronnadh ríomhairí glúine ar dhá charthanacht Éireannacha sa chéad bhliain d'fheidhmiú an tionscnaimh.</p>	 <p>Tugadh isteach Beartas um Cheannach Freagrach chun tacú le ceannach earraí agus seirbhísí inbhuanaithe.</p>	 <p>Cuireadh tús leis an obair chun garáistí a leictriú agus ullmhú le haghaidh teacht na mbusanna leictreacha.</p>	 <p>Bhuamar an Gradam um Shlabhra Soláthair Inbhuanaithe ag na Gradaim Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais de chuid <i>Business and Finance</i> 2022.</p>

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirígh

Athbhreithniú


Ráitis Airgeadais

Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais de Ídiú Fuinnimh:

Tháinig laghdú ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin in 2020-2022 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar an bpaindéim. Ag teacht leis na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, tá Grúpa CIÉ ag obair chun na spriocanna aeráide náisiúnta a bhaint amach, sé sin laghdú 51% ar astaíochtaí agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur faoi deara faoi 2030.


Bhí tionchar nach beag ag na srianta COVID-19 ar líon na n-aistear a rinne paisinéirí ar feadh na tréimhse 2020-2022 agus bhí tionchar acu ina seal ar fheidhmíocht i dtaobh ídiú fuinnimh in aghaidh gach aon mhilliún aistear. Ag deireadh na bliana 2022, d'fhill líon na bpaisinéirí ar fud Ghrúpa CIÉ ar na leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindéim, rud a chuideoidh linn an t-ídiú fuinnimh a chobhsú ó 2023 ar aghaidh.

Ídiú Fuinnimh Ghrúpa CIÉ (MWh)



Tá figiúirí i dtaobh ídiú leictreachais agus gáis do Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus CIÉ Tours san áireamh anois sna figiúirí maidir le hídiú fuinnimh i leith 2018-2022.


Ídiú Fuinnimh Iomlán



Is i leith Iarnród Éireann, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann amháin a luaitear an t-ídiú fuinnimh iomlán.

Sna moltaí ón Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé d'eagraíochtaí a n-astaíochtaí Scóip 1, Scóip 2 agus Scóip 3 a nochtadh. In 2022, tar éis próiseas scagthástála i dtaobh astaíochtaí Scóip 3, shainaithin Grúpa CIÉ na catagóirí astaíochtaí Scóip 3 a bhaineann lenár n-oibríochtaí agus thugamar faoi dhianchlár fionnachtana sonraí chun ár n-astaíochtaí Scóip 3 a mheas. Tuairiscítear príomhtháscairí feidhmiúcháin roghnaithe i leith gach Cuideachta Oibríche ar na leathanaigh seo a leanas.


Miondealú ar Astaíochtaí Ghrúpa CIÉ in 2022 de réir Scóipe (tonnaí CO₂e)




Áirítear anseo astaíochtaí a bhaineann le hIarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus CIÉ Tours.

* Áirítear leis na hastaíochtaí scóip 3 astaíochtaí ó uisce, dramhaíl, aerthaisteal agus astaíochtaí tobar-go-humar de bharr úsáid breosla

Astaíochtaí Carbóin Ghrúpa CIÉ 2018-2022 (tonnaí CO₂e)



Includes emissions for Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, CIÉ Holding Company & CIÉ Tours



Rinneadh nuashonrú agus neartú in 2022 ar threoirlínte chun an bhithéagsúlacht agus an dúlra timpeall na línte iarnróid a chosaint.

Cur Chuige Bunaithe ar Fhianaise

Tá Grúpa CIÉ ag obair i gcomhar le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí chun cur chuige ildisciplíneach, bunaithe ar fhianaise a fhorbairt i dtaobh an earnáil iompair a bheith saor ó astaíochtaí. Le blianta beaga anuas, bhí Grúpa CIÉ ag obair i gcomhpháirtíocht le grúpaí oibre, le tionscadail taighde, agus le comhpháirtíochtaí trasearnála d'fhonn eolas a roinnt agus léargas ar leibhéal na saineolaíthe a fháil ar bhealaí ina bhféadfaí ár n-oibríochtaí a dhíchárbónú agus a fheabhsú.

I measc na staidéar taighde sin bhí Wellbeing Lens a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) in 2022. Tugadh cuireadh do rannpháirtithe ó Ghrúpa CIÉ páirt a ghlacadh sa staidéar sin chun léargas a chomhroinnt ar ár straitéis inbhuanaitheachta agus ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun tacú le córas iompair a bheidh saor ó astaíochtaí. Cuireadh príomhléargas agus moltaí beartais ón anailís a rinne ECFE faoi bhráid Ghrúpa CIÉ agus rannpháirtithe eile agus iarradh orthu aiseolas a sholáthar. Ansin foilsíodh an tuarascáil ó ECFE, [**Redesigning Ireland's Transport for Net Zero: Towards Systems that Work for People and the Planet**](#) [Córas Iompair na hÉireann a Athdhearadh ar mhaithe le bheith Saor ó Astaíochtaí: Réitigh a Chuideoidh leis na Daoine agus leis an bPláinéad]. Luadh an tuarascáil sin ina dhiaidh sin i bPlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide, 2023.

Féachaimid chuige go dtéimid i gcomhairle lenár ngeallsealbhóirí agus go soláthraimid ionchur maidir le ceapadh beartais ar an leibhéal náisiúnta i dtaobh an iompair agus na hinbhuanaitheachta. Táimid ag obair le príomhinstitiúidí taighde agus forbartha agus le lucht déanta beartais, lena n-áirítear Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, OÉ Gaillimh agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun acmhainní agus saineolas a chomhthiomsú agus an t-aistriú fuinnimh a chumasú.

Rannpháirtíocht leis na Geallsealbhóirí

Is gné lárnach í an obair lenár ngeallsealbhóirí i dtaobh an straitéis inbhuanaitheachta a chur chun feidhme. Trí dhul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí is féidir straitéis inbhuanaitheachta spriocdhírthe a fhorbairt agus teacht ar thuiscint níos fearr ar na hionchais atá acu, agus ag an am céanna cothaítear comhdhearadh san eagraíocht féin maidir leis na príomhthosaíochtaí inbhuanaitheachta. I rith 2022, chuaigh Grúpa CIÉ i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), le NewERA, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an Roinn Iompair agus le Hydrogen Mobility Ireland, i measc eile, chun ionchur a fháil i leith straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus faoin gcaoi ar féidir linn teacht le hionchais na ngeallsealbhóirí. Táimid ag obair i ndlúthpháirt leis na geallsealbhóirí sin ar raon dúshlán inbhuanaitheachta, agus acmhainní, eolas agus sócmhainní straitéiseacha á gcomhthiomsú againn chun tionchar ar mhórsála a imirt. Is cur chuige ríthábhachtach é a bheith ag obair le comhpháirtithe chun ár gcomhspríocanna a bhaint amach.

Léargas ar Bhainistíocht Sonraí

Tá spriocanna leagtha síos i Straitéis Inbhuanaitheachta CIÉ i leith bainistíocht acmhainní ar fud réimsí amhail dramhaíl, athchúrsáil, úsáid uisce agus ídiú fuinnimh. Ionas gur féidir an dul chun cinn atá á dhéanamh againn i dtreo na spriocanna sin a rianú go cruinn, tá sé ríthábhachtach go mbeidh fáil éasca ar ár sonraí comhshaoil, go bhfoilseofar go huathoibríoch iad agus go mbeidh sonraí mionshonraithe ar fáil ar fud Ghrúpa CIÉ ar fad. Tógann sé am ár n-úsáid acmhainní a ríomh de láimh agus ní fhágann an cur chuige sin gur féidir linn feabhsuithe in éifeachtúlacht úsáide fuinnimh nó uisce a ghabháil i bhfíor-am. Tá Grúpa CIÉ ag obair chun córas bainistíochta sonraí a thabhairt isteach ina gcomhtháthófar méadair chliste agus bogearraí anailíse. Trí úsáid a bhaint as sonraí níos cruinne, níos trédhearcaí agus níos tráthúla, beidh Grúpa CIÉ in ann an inbhuanaitheacht a leabú ar fud na planála straitéisí, an tsamhaltaithe riosca agus na gcásanna samplacha a leagtar amach ina chuid planála. Beidh sé ina thoradh ar an obair atá ar bun againn le Microsoft ar a néal-uirlis inbhuanaitheachta go mbeidh ar chumas Ghrúpa CIÉ deiseanna a aithint le haghaidh dícharbónú a dhéanamh agus feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht i dtaobh na hinbhuanaitheachta.

Cultúir Inbhuanaitheachta a Chothú

Anseo i nGrúpa CIÉ, tá ról le himirt ag gach duine againn chun cur le hinbhuanaitheacht an ghnó. Trí dheiseanna oiliúna a chur ar fáil dár bhfostaithe, is féidir linn bunghnéithe na hinbhuanaitheachta a leabú ar fud na cuideachta agus ról a bheith ag na baill foirne maidir le cur i bhfeidhm na straitéise inbhuanaitheachta. In 2022, cuireadh oiliúint ar fáil don lucht ardbhainistíochta, d'fhoirne inbhuanaitheachta agus do bhaill foirne a bhíonn ag obair i bhfeidhmeanna éagsúla eile chun léargas a thabhairt ar thionscnaimh inbhuanaitheachta éagsúla amhail ceanglais atá le cur i bhfeidhm maidir le nochtadh inbhuanaitheachta i gcás comparáidí.

Tá oiliúint fostaithe ar bun ar fud Ghrúpa CIÉ, oiliúint atá á éascú ag Central Solutions/Skillsnet Ireland. Is é an Rialtas atá ag cistiú an tionscnaimh sin. I measc na gclár oiliúna atá ar bun tá Pas Inbhuanaitheachta ó *Climate Ready Academy*, a bheartaítear a bheith ar fáil do gach fostaí ar fud Ghrúpa CIÉ. Cuireadh ar fáil ar dtús é do Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus foireann CIÉ Tours in 2022 agus déanfar é a leathadh amach de réir a chéile chuig fostaithe na gCuideachta Oibríochá in 2023. Is é an oiliúint eile atá ar bun ná an Clár Ceannaireachta Inbhuanaitheachta de chuid *Climate Ready Academy*. Sraith ranganna atá i gceist leis in ina ndírítear go tréan ar ábhair éagsúla a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Ar chríochnú an chúrsa dóibh, beidh fostaithe in ann seasamh leis an inbhuanaitheacht agus ullmhóidh siad plan ina leith sin dá réimse freagrachta féin.




Tá Grúpa CIÉ agus Bus Éireann ag obair le cuibhreannas comhpháirtithe chun Mol Hidrigine na Gaillimhe (GH2), an chéad ghleann hidrigine in Éirinn, a fhorbairt. Táirgeoidh GH2 suas le 10MW hidrigin ghlas (a tháirgfear ar shlí inbhuanaithe) le húsáid le haghaidh taighde agus mar bhreosla le haghaidh iompair agus tionsclaíochta i mórcheantar na Gaillimhe. Cuirfear tús leis an tionscadal i Samhradh na bliana 2023, agus tá sé beartaithe saoráid táirgthe hidrigine agus saoráid athbhreoslaithe hidrigine a shuiteáil i gcuan na Gaillimhe in 2026. Le táirgeadh agus úsáid hidrigine dúchasaí glaise sna gleannta hidrigine, tá céim thábhachtach á tógáil i dtreo forbairt geilleagair hidrigine nua a chumasú, rud a chuirfidh Éire i gceartlár na straitéise i dtaobh fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus i dtaobh chomhtháthú na hearnála fuinnimh.



Is comhoibriú é ZEST idir ESB, CIÉ, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath chun mol iompair a bhunú ina mbeidh fáil ar bhreosla hidrigine atá saor ó astaíochtaí. Tá sé ina aidhm leis an tionscadal sin a bheith ar an gcéad shaoráid chliste in Éirinn a sholáthraíonn breosla atá saor ó astaíochtaí chun giniúint eatramhach gaoithe a mheaitseáil le héilimh fuinnimh na mbusanna. Tá sé i gceist leis an mol seirbhísí iompar a leictriú trí úsáid a bhaint as feithiclí leictreacha ina bhfuil ceallraí agus feithiclí breosla-chille hidrigine.


Tuairisciú Inbhuanaitheachta agus Nochtadh

Creat Tuairiscithe	Cur síos	Stádas												
 <p>An Tionscadal um Nochtadh Carbóin</p>	<p>Is eagraíocht sheachbhrabúsach idirnáisiúnta é an Tionscadal um Nochtadh Carbóin a sholáthraíonn ardán tuairiscithe domhanda d'eagraíochtaí chun faisnéis a thomhas, a nochtadh agus a chomhroinnt maidir lena n-astaíochtaí carbóin agus a straitéis bhainistíochta. Faigheann na freagróirí scór idir A agus F, ag brath ar leibhéal a bhfeasachta agus ar bhainistíocht a gcuid astaíochtaí carbóin.</p> <p>Tá Grúpa CIÉ ag tuairisciú ar an ardán sin le trí bliana anuas.</p>	<p>Bronnadh scór 'A-' ar Ghrúpa CIÉ in 2022 agus aitheantas á thabhairt dó as ceannaireacht a léiriú i dtaobh an chomhshaoil agus as sárchleachtas a léiriú maidir le straitéis agus gníomhaíocht i dtaobh saincheisteanna aeráide.</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>CDP Response</th> <th>Bliain Tuairiscithe</th> <th>Scór</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Athrú Aeráide 2020</td> <td>2019</td> <td>B</td> </tr> <tr> <td>Athrú Aeráide 2021</td> <td>2020</td> <td>B</td> </tr> <tr> <td>Athrú Aeráide 2022</td> <td>2021</td> <td>A-</td> </tr> </tbody> </table> <p>Léiríonn an feabhas ar scór na bliana 2022 na hathruithe atá curtha i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena chinntiú go bhfuil bainistiú éifeachtach á dhéanamh ar ár lorg carbóin. Rinneadh dianiarracht cainníochtú a dhéanamh ar ár n-astaíochtaí carbóin Scóip 3 ó fhoinsí cosúil le hearraí agus seirbhísí a cheannaítear, úsáid uisce, giniúint dramhaíola agus athchúrsála, fostaithe ag dul chuig an obair agus abhaile, taisteal i gcomhair gnó, agus sócmhainní ar léas. Leanamar freisin ag cur lenár gcreat chun rioscaí aeráide a shainiú agus a bhainistiú agus nochtamar roinnt príomhrioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid atá le sárú nó le tapú ar fud an Ghrúpa.</p> <p>Leanfaidh Grúpa CIÉ ag cur san áireamh na moltaí ón Tionscadal um Nochtadh Carbóin agus beidh sé ina aidhm aige scór 'A' a bhaint amach ar ár straitéis maidir le hastaíochtaí carbóin a bhainistiú.</p>	CDP Response	Bliain Tuairiscithe	Scór	Athrú Aeráide 2020	2019	B	Athrú Aeráide 2021	2020	B	Athrú Aeráide 2022	2021	A-
CDP Response	Bliain Tuairiscithe	Scór												
Athrú Aeráide 2020	2019	B												
Athrú Aeráide 2021	2020	B												
Athrú Aeráide 2022	2021	A-												

 <p>United Nations Global Compact</p> <p>Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe</p>	<p>Tá Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe bunaithe ar dheich gcolún lena gcuirtear chun cinn cearta an duine, cearta lucht saothair, cosaint an chomhshaoil agus bearta frith-éillithe i ngnólachtaí. Trí Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe a shíniú, geallann Grúpa CIÉ beartais a chur i bhfeidhm chun tacú le cearta an duine agus le cosaint an chomhshaoil ar fud a chuid oibríochtaí agus an tslabhra luacha.</p>	<p>Ghlac Grúpa CIÉ páirt i gComhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe in 2022 lena chinntiú go leanfaimid an dea-chleachtas maidir le cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh ar cinn iad atá freagrach ó thaobh na gné sóisialta de.</p> <p>Déantar cur síos ar an dul chun cinn atá déanta ag Grúpa CIÉ maidir le moltaí Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm faoi na ceannteidil 'Obair Chuibhiúil agus Folláine' agus 'Éagsúlacht agus Comhdheiseanna'. Ina theannta sin, cuirfidh Grúpa CIÉ teachtaireacht maidir leis an dul chun cinn (teachttaireacht phoiblí bhliantúil) faoi bhráid Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe ag tosú in 2023 chun cur síos a dhéanamh ar an obair atá ar bun chun na deich gcolún a chur i bhfeidhm inár ngnólacht féin.</p>
--	--	--

Creat Tuairiscithe	Cur síos	Stádas
 <p>Creat NewERA don Earnáil Leathstáit Tráchtála</p>	<p>In 2021, d'fhorbair an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) creat tuairiscithe don earnáil leathstáit tráchtála chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí i dtaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide.</p> <p>Cuimsítear sa chreat tuairiscithe cúig ghealltanais nach mór do fhreagróirí a thabhairt:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Rialú na gCuspóirí Gníomhaithe ar son na hAeráide 2. Astaíochtaí a Thomhas agus Spriocanna maidir lena Laghdú 3. Astaíochtaí a Thomhas agus a Luacháil i mBreithmheasanna ar Infheistíocht 4. An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas 5. Nochtuithe a Bhaineann le Cúrsaí Aeráide sa Tuairisciú Airgeadais 	<p>Tuairisceoidh Grúpa CIÉ do NewERA, ag tosú in 2023, ar an dul chun cinn atá déanta againn i leith na gcúig ghealltanais a thugtar sa chreat gníomhaithe ar son na haeráide:</p>
 <p>An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach</p>	<p>Tugadh isteach an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach in 2021 lena chinntiú go dtuairiscíonn cuideachtaí faisnéis faoin inbhuanaitheacht ar bhealach inchomparáide atá iontaofa agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-infheisteoirí agus geallsealbhóirí eile.</p> <p>Áireofar sa Treoir sin 'gné na hábharthachta dúbailte', rud a chiallaíonn go gcaithfidh cuideachtaí tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann saincheisteanna inbhuanaitheachta i bhfeidhm ar a ngnó agus ar an tionchar a bhíonn ag oibríochtaí a gcuideachta ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol.</p>	<p>Tá Grúpa CIÉ ag ullmhú chun tuairisciú faoin treoir sin agus tá sé ag obair chun na ceanglais chreata a chur chun feidhme inár nósanna imeachta tuairiscithe roimh an tréimhse tuairiscithe éigeantaigh ó 2025 ar aghaidh.</p> <p>Tá sé ina aidhm ag CIÉ anailís ar bhearnaí a dhéanamh ar cheanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach sula dtiocfaidh sí i bhfeidhm in 2025.</p>
 <p>Rialachán Tacsanomaíochta an Aontais Eorpaigh</p>	<p>In 2020, bhunaigh an Coimisiún Eorpach Creat Tacsanomaíochta an Aontais mar chóras aicmithe chun liosta gníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhunú. Chun Rialachán Tacsanomaíochta an Aontais a chomhlíonadh, beidh ar chuideachtaí incháilithe a shainaitheint cén chaoi a bhfuil a ngníomhaíochtaí gnó ailínithe leis an Rialachán Tacsanomaíochta agus cé mhéad, agus tuairisciú a dhéanamh ina leith sin.</p>	<p>Tá Grúpa CIÉ ag ullmhú chun nochtadh a dhéanamh faoi Thacsanomaíocht an Aontais. Chun cabhrú leis sin, chuir Grúpa CIÉ oiliúint ar bun ar leibhéal an Bhoird agus d'agraigh sé ceardlanna le foirne airgeadais agus inbhuanaitheachta chun díriú go tréan ar chur leis an bhfeasacht ar na rialacháin atá ag teacht chun cinn agus chun acmhainneacht a fhorbairt ó thaobh tuairisciú éifeachtach a dhéanamh faoi Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh.</p> <p>Tá sé ina aidhm ag Grúpa CIÉ an t-aillíniú eadrainn féin agus Creat Tacsanomaíochta an Aontais a fhoilsiú faoi 2024.</p>
 <p>An Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid</p>	<p>Déanann an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid moltaí maidir le nochtadh níos éifeachtaí a bhaineann leis an aeráid agus cuireann sé chun cinn cinntí infheistíochta eolacha agus forbairt straitéiseach. Rangaíonn an Tascfhórsa an nochtadh a bhaineann leis an aeráid i gceithre phríomhchóilún:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rialachas • Straitéis (anailís ar chásanna san áireamh) • Méadracht agus Spriocanna • Rioscaí agus Deiseanna 	<p>In 2021, thosaigh Grúpa CIÉ ag cloí le creat an Tascfhórsa agus tá an tuairisciú a dhéanaimid i leith na haeráide á ailíniú leis na moltaí againn. In 2022, dhíriomar ar ár gcreat bainistíochta riosca aeráide a fhorbairt tuilleadh agus ullmhú chun anailís a dhéanamh ar chásanna aeráide ar fud na gCuideachtaí Oibríochta chun cabhrú linn rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a aithint, a shainiú agus a chainníochtú.</p> <p>In 2023, tá sé ina aidhm ag Grúpa CIÉ an chéad bhabhta iomlán a dhéanamh den anailís ar chásanna aeráide agus de shainaitheint rioscaí, chun ailíniú le ceanglais an Tascfhórsa.</p>

Iarnród Éireann:




Laghdú CO₂*


Éifeachtúlacht Fuinnimh**

Ráta Athchúrsála

SPRIOC NA BLIANA 2030: -51%



SPRIOC NA BLIANA 2030: 50%



SPRIOC CIÉ: 75%



Táthar ag feitheamh ar na figiúirí éifeachtúlachta fuinnimh i leith 2022 arna bhfíorú ag SEAI. Nuair a bheidh siad fíoraithe, beidh siad ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin faireacháin agus tuairiscithe SEAI.

Aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí ísle



Tá DART+ á chur i bhfeidhm ag Iarnród Éireann agus déanfar an córas DART a leictriú agus síneadh a chur leis. Méadófar faoi thrí an rian leictirthe agus beifear in ann dhá oiread an líon paisinéirí a iompar. Beidh sé ina toradh air sin go dtiocfaidh laghdú mór ar na hastaíochtaí díreacha agus go gcuirfear le héifeachtúlacht an ghréasáin comaitéireachta iarnróid i mBaile Átha Cliath. I mí na Samhna 2022, d'fhógair Iarnród Éireann go raibh sé ag ordú 90 carráiste traenach nua ceallra-leictreach. Bhí ordú eile i gcomhair 95 carráiste traenach leictreach agus ceallra-leictreach curtha isteach aige in 2021. Tosófar ag cur na gcarráistí nua i mbun seirbhíse in 2025, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann níos mó daoine a iompar ar an ngréasán DART.

Cuireadh tús le Trialacha ar Thiomáint Hibrídeach ar charranna iarnróid Intercity in 2021 agus rinneadh trialacha orthu agus iad i mbun seirbhíse in 2022. Cuirfear i bhfeidhm an tionscadal de réir a chéile thar 8-10 mbliana agus seachnófar 18,000 tonna astaíochtaí carbóin dá bharr gach bliain, chomh maith le truailliú aeir agus truailliú ó thorann a laghdú. Déanfar faireachán ar fheidhmíocht na bPacáistí Cumhachta le linn 2023, agus é ina aidhm an teicneolaíocht sin a leathnú tuilleadh ar fud an fhlíit chun na hastaíochtaí carbóin foriomlána a laghdú.

Úsáideann Iarnród Éireann an breiseán breosla Envirox chun ídiú breosla a laghdú agus scagairí cáithníníeacha díosail a choinneáil glan, rud a spárálann thart ar 6% den bhreosla. In 2019 a tosaíodh ag úsáid Envirox agus baintear leas as sa ghnáthchúrsa anois in Iarnród Éireann.

Teacht Aniar i leith na hAeráide

In 2021, bunaíodh Tionscadal um Chosaint Bonneagar Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) de chuid Iarnród Éireann agus é ina aidhm leis an iarnród a chosaint sa cheantar sin. Is beart mór é an tionscadal sin faoina bhfuil sé i gceist maolú a dhéanamh ar an gcreimeadh mór cósta atá ag dul in olcas le blianta beaga anuas mar gheall ar an athrú aeráide agus tionchar na stoirmeacha.

Le roinnt blianta anuas, tá oibreacha práinneacha cosanta déanta ag Iarnród Éireann i Ros Láir agus tá armúr carraige curtha in airde aige chun cur i gcoinne an mhórchailleanais talún sa cheantar. Ina theannta sin, cuireadh dlús faoi bhunú foirmiúil ECRIPP agus faoina sruth maoinithe lena aghaidh agus déanfar infheistiúocht mhór ilbhliantúil san obair sin. Tá clár fairsing oibreacha beartaithe i gcomhair na tréimhse deich mbliana atá romhainn.

An Geilleagar Ciorclach



In 2022, thug Iarnród Éireann isteach Beartas um Cheannach Freagrach chun tacú le ceannach earraí agus seirbhísí inbhuanaithe, agus leagadh síos an sprioc go mbeadh critéir roghnúcháin atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht san áireamh inár dtairiscintí go léir faoi 2030.

Tá tús curtha ag foireann Conarthaí Lárnacha Iarnród Éireann agus a fhoireann Comhshaoil le hathbhreithniú ar ábhair inchaite éagsúla a bhaineann leis na conarthaí lárnacha glantacháin agus é i gceist gearradh siar ar an méid ábhar a úsáidtear. Sainithníodh roghanna atá dírithe ar an tomhaltas a laghdú (dáileoirí coimeádacha, cineál páipéir inbhuanaithe, aistriú chuig tuáillí tae) agus tá sé beartaithe na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go luath in 2023.



Coimeádáin á lódáil ag Aonad Lastais Iarnród Éireann – oibríochtaí lódála ag Belview, Calafort Phort Láirge.

Tá Príomh-Rannóg Innealtóireachta Meicniúla Iarnród Éireann ag breathnú ar roghanna chun dramhaíl ghuaiseach a íoslaghdú. Tá staidéar píolótach á dhéanamh ag an Rannóg sin faoi láthair maidir le fuarthán innill a athúsáid. Déantar gliocól eitleíne a mheascadh le huisce i gcumasc 50/50 chun fuarthán a tháirgeadh a úsáidtear sna hinnill traenach.

Ionas nach bhfágfaí trasnáin choincríte úsáidte gan aon leas á bhaint astu, tá Iarnród Éireann ag breathnú ar roghanna i dtaobh a n-athúsáide. Tógann Iarnród Éireann trasnáin choincríte úsáidte den rian ionas gur féidir measúnú agus catagóiriú a dhéanamh orthu. Más féidir iad a athúsáid ar an gcóras iarnróid, déantar iad a stóráil chuige sin. Maidir le trasnáin a bhfuil damáiste déanta dóibh, tá staidéar beag á dhéanamh ag Iarnród Éireann chun measúnú a dhéanamh ar úsáidí tánaisteacha a d'fhéadfaí a bhaint astu, ar nós leas a bhaint astu ar chosáin phríobháideacha, ar bhóithre talmhaíochta nó chun ballaí a choinneáil in airde.

Tá tús curtha ag Foireann Comhshaoil Ghnóthas Iarnróid Iarnród Éireann le clár bainistíochta uisce, agus cuimsíodh sa chéad chéim de aimsiú meádar agus mapáil a dhéanamh ar an úsáid uisce.

An Bhitheagsúlacht

In 2022, d'fhoilsigh Iarnród Éireann a chuid treoirlínte bithéagsúlachta don fhoireann bonneagair mar chuid den ghealltanas atá tugtha aige an tionchar ar an gcomhshaoil a íoslaghdú agus na tairbhí don chomhshaoil a uasmhéadú. Tá breis agus 2,200 km den ghréasán iarnróid ag gabháil trí thírdhreacha éagsúla, agus tá deis á tapú ag Iarnród Éireann chun raon leathan gnáthóg, speiceas agus éiceachóras a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

Tá sé geallta ag Iarnród Éireann, faoin Scéim um Choillearnach a Bhunú ar Thailte Poiblí, 12,000 crann dúchasach a chur ar shuíomh 10 n-acra go leith in aice leis an líne iarnróid ag Cora Droma Rúisc. Shinaithin Iarnród Éireann an dara suíomh i gCo. Chorcaí mar áit ina bhféadfaí foraois a athbhunú agus tá iarratas ar chead pleanála á chur isteach chuige sin. Tá sé geallta ag Iarnród Éireann 100 acra de chrainn dhúchasacha a chur ar thailte neamhoibríochtúla faoi 2030.

Sláinte agus Folláine



Tá Rannóg Leighis Iarnród Éireann i gceannas ar fhorbairt Straitéise um Fholláine Fostaithe ar fud na cuideachta. Tá sé i gceist an straitéis sin a bheith i bhfeidhm faoi 2025. Déantar an straitéis a dhearadh agus a chur i bhfeidhm tar éis torthaí a fháil ó iniúchadh ar fholláine na bhfostaithe ar fud an Ghrúpa, agus ansin ullmhófar straitéis Ghrúpa CIÉ maidir le sláinte agus folláine san ionad oibre agus clár sláinte agus folláine do gach fochuideachta oibríoch.

In 2022, chuaigh Iarnród Éireann i gcomhpháirtíocht le Family Carers Ireland agus é ag féachaint le tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthar ar fud na tíre d'fhostaithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu sa bhaile.

Príomhtháscairí Feidhmíochta Iarnród Éireann:

Déantar astaíochtaí scóip 1,2 agus 3 a ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochtaí ó Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Féach tábla na bhFachtóirí Tionaithe i dtaobh Astaíochtaí Carbóin le haghaidh na bhfachtóirí tionaithe a mbaintear leas astu.


Colún 1: Geilleagrach

Luach Geilleagrach a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2022	2021	2020	2019	2018
Aistir paisinéara (milliúin)	35.8	17.4	17.9	50.2	47.9

Colún 2: Sóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Inrochtaineacht	2022	2021	2020	2019	2018
Stáisiúin atá Lán-Inrochtana	114	114	110	110	110
Rannpháirtíocht sa Phobal	2022	2021	2020	2019	2018
Eagraíochtaí/tairbhíthe comhpháirtíochta a rabhthas rannpháirteach ar bhonn díreach leo	36	51	33	12	-

Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair					
Infheistiú inár bhfostaithe	2022	2021	2020	2019	2018
Líon na bhFostaithe	4,339	4,176	4,058	3,897	3,782
Sábháilteacht	2022	2021	2020	2019	2018
Líon na dtimpistí ar chaill fostaithe am dá mbarr – intuairiscithe	53	43	35	55	47
Comhionannas inscne	2022	2021	2020	2019	2018
Mná i measc na bhfostaithe (%)	11%	11%	11%	11%	10%
Mná i róil ardbhainistíochta (%)	17%	17%	19%	20%	18%
Comhaltaí boird ar mná iad (%)	57%	57%	57%	57%	50%




Colún 3: Comhshaol

Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	2022	2021	2020	2019	2018
Astaíochtaí scóip 1 (míle tCO ₂ e)	124.67	122.22	104.90	126.73	123.26
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas a cheannaítear (míle tCO ₂ e)	19.10	19.65	17.58	21.09	23.86
Scóip 3 – Astaíochtaí indíreacha eile (míle tCO ₂ e)*	32.47	-	-	-	-
Iomlán na n-astaíochtaí (míle tCO ₂ e)	176.24	-	-	-	-
Éifeachtúlacht Fuinnimh	2022	2021	2020	2019	2018
Ídiú díosail i dtraenacha B0 (lítair)	44,342,630	43,479,272	36,968,720	45,150,850	43,830,400
Ídiú díosail i dtraenacha B0 (MWh) (fachtóir tiontaithe SEAI 10.169 L/kWh)	450,920	442,141	375,935	459,139	445,711
Úsáid díosail ar bóthar (díosal ó stáisiúin pheitрил) lítair	1,492,557	1,440,676	1,443,752	1,443,700	1,476,100
Úsáid díosail ar bóthar (díosal ó stáisiúin pheitрил) (MWh) (fachtóir tiontaithe SEAI 10.169 L/kWh)	15,178	14,650	14,682	14,681	15,010
Leictreachas le haghaidh feithiclí a tharraingt (MWh)	23,600	23,453	23,235	27,695	26,222
Leictreachas le haghaidh sócmhainní seasta (MWh)	32,718	31,805	35,804	35,791	37,031
Leictreachas iomlán (MWh)	56,318	55,258	59,039	63,486	63,253
Úsáid gáis (MWh)	9,406	9,277	9,979	9,278	9,032
Ídiú Fuinnimh Iomlán (MWh)	531,822	521,326	459,634	546,584	533,007
Astaíochtaí Eile a Bhaineann le Breosla agus Fuinneamh (Díosal agus Gás)	2022	2021	2020	2019	2018
Astaíochtaí Díosail B0 tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	27.73	27.34	23.24	28.39	27.56
Astaíochtaí Díosail ó Stáisiúin Pheitрил tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.91	0.88	0.88	0.88	0.90
Astaíochtaí Gáis tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.29	0.27	0.31	0.29	0.28
Astaíochtaí Leictreachais tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	1.40	1.37	1.47	1.58	1.57
Sciartha an Fhlít	2022	2021	2020	2019	2018
Carranna iarnróid a bhfuil inneall hibrideach iontu (%)	15%	6%	4%	0%	0%
Busanna atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%) (Carráistí DART mar % de líon iomlán na gcarranna iarnróid / na gcarráistí)	24%	24%	24%	24%	24%

* Áirítear leis na hastaíochtaí scóip 3 astaíochtaí ó uisce, dramhaíl, aerthaisteal agus astaíochtaí tobar-go-humar de bharr úsáid breosla

Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2022	2021	2020	2019	2018
Dramhaíl iomlán a gineadh (tonnaí)	2,084	1,580	1,512	2,314	2,337
Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonnaí)	1,091	769	726	1,221	1,272
Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (%)	52%	49%	48%	53%	54%
Dramhaíl ghuaiseach (tonnaí)	707	853	1,132	765	909
Bainistíocht uisce	2022	2021	2020	2019	2018
Ídiú uisce (méadar ciúbach)	365,603	220,461	-	-	-

Bus Éireann:



* Táthar ag feitheamh ar na figiúirí éifeachtúlachta fuinnimh i leith 2022 arna bhfíorú ag SEAI. Nuair a bheidh siad fíoraithe, beidh siad ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin faireacháin agus tuairiscithe SEAI.

Aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí ísle



Tá Bus Éireann ag baint triail as teicneolaíocht hidrigine a úsáid san iompar mar rogha eile breosla anuas ar na feithiclí ceallra-leictreacha. Lean siad ar aghaidh ag oibriú trí cinn de bhusanna hidrigine feadh Chonair Chomaitéireachta Thuaisceart Bhaile Átha Cliath i rith 2022. IS in 2021 a cuireadh na busanna sin ar an mbóthar ar dtús. Tá níos mó ná 100,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí clúdaithe ag na busanna sin agus iad faoi chumhacht ag teicneolaíocht breosla-chille hidrigine.

In 2022, chríochnaigh Bus Éireann an obair ullmhúcháin don chéad seirbhís bus lánleictreach in Éirinn agus seoladh an tseirbhís sin i mí Eanáir 2023, nuair a cuireadh 11 bhus ceallra-leictreach aon urláir ar an mbóthar i mBaile Átha Luain. Bhí gá le huasghrádú fairsing ar an iosta bus ionas go bhféadfaí bonneagar a shuiteáil chun feithiclí a luchtú, lena n-áirítear fostáisiún, luchtairí, stáisiúin luchtaithe agus córas nua bainistithe táillí iosta. Ina theannta sin, cuireadh isteach orduithe in 2022 le haghaidh 20 bus ceallra-leictreach dhá urlár faoi chreat-chomhaontú ina leagtar amach go gceannófar tuilleadh busanna leictreacha sa tréimhse cúig bliana amach romhainn. Cuirfead na busanna sin ar an mbóthar i Luimneach amach sa bhliain 2023 agus meastar go spárálfar thart ar 1,800 tonna astaíochtaí carbóin ón sceithphíopa in aghaidh na bliana dá mbarr.

Faoin mBeartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, tá sé beartaithe ag Bus Éireann agus ag an Údarás Náisiúnta Iompair flít busanna uirbeacha a bheidh iomlán saor ó astaíochtaí a chur ar an mbóthar i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Luimneach agus Gaillimh faoi 2035, agus tá an dá eagraíocht sin ag obair i dtreo réitigh a fhorbairt chun tús a chur le leictriú an fhlíit cóistí neamhuirbeacha agus cóistí cianthaistil faoi 2030.

Éifeachtúlacht Fuinnimh



Tá tionscadal ar bun chun rátálacha fuinnimh foirgnimh (BER) a dhéanamh ag ocht n-iosta agus roghanna a aithint chun creatlach an fhoirgnimh a uasghrádú agus an BER a fheabhsú. IS é is aidhm leis an obair sin níos lú fuinnimh a úsáid ag gach ceann de na hiostaí sin. Beidh na suirbhéanna ar fhoirgnimh ina gcabhair maidir le bonn eolais a chur faoi chinntí amach anseo maidir le hiarfheistiú foirgneamh, lena n-áirítear aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite.

Tar éis treoirionscadal um éifeachtúlacht fuinnimh soilsithe a rinneadh in iosta Thobar an Chaipín in 2021, faoinar cuireadh soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh in ionad sheanchóras soilsithe an iosta, in 2022 chuir Bus Éireann tús le tuilleadh oibreacha chun soilse LED a shuiteáil ina chuid iostaí. Críochnaíodh feistiú na soilse LED i dTrá Lí in 2022, agus tá sé beartaithe córas soilsithe LED a shuiteáil i gceithre iosta eile in 2023.



Tá Grúpa CIÉ fós ag breathnú ar gach teicneolaíocht a d'fhéadfadh cuidiú linn a bheith saor ó astaíochtaí, lena n-áirítear lánleictreach agus hidrigin (ghlas).

An Geilleagar Ciorclach



Tá sé ina aidhm ag Bus Éireann ceanglais inbhuanaitheachta a bheith i bhfeidhm i gcás 75% dá chonarthaí faoi 2030, agus tá beartas nua maidir le Ceannach Freagrach forbartha aige in 2022 a thacóidh leis an sprioc sin.

In 2022, chuir Bus Éireann isteach burlóirí i gcomhair dramhaíl chairtchláir atá lena hathchúrsáil in ocht n-iosta chun deighilt dramhaíola agus athchúrsáil ábhar cairtchláir a dhéanamh ar bhealach cuí. Suiteáladh boscaí bruscair déchuspóireacha freisin ag stáisiúin agus iostaí éagsúla ionas go mbeidh an deis ann dramhaíl a athchúrsáil. Cuireadh póstaer ar taispeánt ar a bhfuil faisnéis faoi dhramhaíl mar threoir i dtaobh conas cineálacha éagsúla dramhaíola a scaradh óna chéile i gceart.

Shuiteáil Bus Éireann Meaisín Aisdíola ina iostaí i mBusáras agus i Leitir Ceanainn. Tionscnamh píolótach is ea é sin chun custaiméirí a spreagadh a gcuid buidéal phlaisteacha agus cannaí dí alúmanaim a thabhairt ar ais lena n-athchúrsáil.

Sheol Ceaintín Chorcaí 'Feachtas Cupán Comhfhiosach' i Meán Fómhair 2022. Tá sé ina aidhm leis an bhfeachtas daoine a spreagadh chun cupáin a athúsáid seachas leas a bhaint as cinn aonuaire, trí dhreasú a dhéanamh ar athrú iompraíochta. Ar an gcaoi sin, úsáidtear an cupán caife laethúil mar bhealach chun athrú iompraíochta a spreagadh. Cuirtear laghdú 30% i bhfeidhm ar phraghas caife nó tae ach leas a bhaint as cupán in-athúsáidte. Is tionscnamh buan é sin agus tá súil ag Bus Éireann an tionscnamh a leathnú go ceaintín na Cloiche Leithne go luath in 2023.

In 2022, rinne Bus Éireann iniúchtaí uisce ag roinnt suíomh chun fomhéadair a chur ar an mbonneagar uisce agus féachaint céard a úsáideann an méid is mó uisce. Leis an tionscadal sin, beidh an deis ag Bus Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí fíor-ama, áiteanna a aimsiú

ina bhfuil uisce ag sceitheadh agus cuidiú tionscadail bonneagair uisce amach anseo a chur in ord tosaíochta.

Rannpháirtíocht sa Phobal



Téann Bus Éireann i gcomhpháirtíocht go rialta le heagraíochtaí pobail áitiúla chun feachtais 'Fill-A-Bus' a óstáil ar fud na tíre, agus é ina aidhm aige bus a líonadh le hearraí neamh-mheatacha a thugann an pobal ar son na cúise. Déanann an cumann carthanachta atá i gcomhpháirtíocht leo na hearraí go léir a dheonaítear a dháileadh ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh i ngátar ina gceantair féin.

Sláinte agus Folláine



In 2022, bhí an obair ar mhaithe le sláinte agus folláine i mBus Éireann dírithe ar cheithre cholún straitéiseacha folláine: Folláine choirp, meabhairshláinte, folláine ó thaobh airgeadais de agus folláine shóisialta. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm a bhí ailínithe leis na colúin agus na spriocanna sin: forbraíodh líonra Lucht Garchabhrach Meabhairshláinte (MHFA) agus thug 30 ball foirne faoin oiliúint ina leith sin.

Éagsúlacht agus Comhdheiseanna

Mar aitheantas ar a mheáite atá sé ionad oibre ionchuimsitheach a bheith aige, cuireadh Bus Éireann ar an ngearrliosta don Ghradam don Tionscnamh Éagsúlachta Sármhaith ag Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na bliana 2022.

Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Éireann:

Déantar astaíochtaí scóip 1,2 agus 3 a ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochtaí ó Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Féach tábla na bhFachtóirí Tionaithe i dtaobh Astaíochtaí Carbóin le haghaidh na bhfachtóirí tionaithe a mbaintear leas astu.

Colún 1: Geilleagrach

Luach Geilleagrach a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2022	2021	2020	2019	2018
Aistir a dhéanann paisinéirí (milliúin)	89.5	57.5	51.0	89.1	83.6
Líon na mbusanna atá ar an mbóthar	1,099	1,178	1,047	1,138	1,148

Colún 2: Sóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Inrochtaineacht	2022	2021	2020	2019	2018
Stáisiúin/stadanna bainistithe lán-inrochtana (%)	100%	100%	90%	75%	65%
Rannpháirtíocht sa Phobal	2022	2021	2020	2019	2018
Eagraíochtaí/tairbhíthe comhpháirtíochta a rabhthas rannpháirteach ar bhonn díreach leo	20	15	22	13	12
Líon na scoláirí a iompraítear faoin Scéim Iompair Scoile in aghaidh an lae scoile	151,000	122,000	114,000	120,800	117,800
Líon na scoláirí a iompraítear in aghaidh an lae scoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	17,500	16,000	14,500	14,300	13,400

Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair					
Infheistiú inár bhfostaithe	2022	2021	2020	2019	2018
Líon na bhFostaithe	2,827	2,761	2,702	2,727	2,562
Sábháilteacht	2022	2021	2020	2019	2018
Ráta timpistí in aghaidh gach 100 fostaí	0.79	0.83	1.03	1.32	1.76
Comhionannas inscne	2022	2021	2020	2019	2018
Mná i measc na bhfostaithe (%)	10%	10%	10%	9%	9%
Mná i róil ardbhainistíochta (%)	39%	34%	33%	30%	32%
Comhaltaí boird ar mná iad (%)	29%	33%	17%	25%	25%



Colún 3: Cúrsaí Comhshaoil


Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	2022	2021	2020	2019	2018
Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (míle tCO ₂ e)	72.67	70.34	70.29	83.89	77.33
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas a cheannaítear (míle tCO ₂ e)	1.36	1.62	1.50	1.79	1.98
Scóip 3 – Astaíochtaí indíreacha eile (míle tCO ₂ e)*	17.30	-	-	-	-
Iomlán na n-astaíochtaí (míle tCO ₂ e)	91.33	-	-	-	-
Éifeachtúlacht Fuinnimh	2022	2021	2020	2019	2018
Úsáid díosail (míle lítear díosail)	26,885	25,993	25,869	30,992	28,491
Úsáid díosail (MWh)	273,398	264,323	263,059	315,157	289,727
Leictreachas iomlán (MWh)	4,017	4,543	5,029	5,389	5,236
Úsáid gáis (MWh)	5,084	5,683	6,041	6,100	6,189
Úsáid ceirisín (MWh)	638	-	602	529	519
Ídiú Fuinnimh Iomlán (MWh)	283,137	274,549	274,731	327,175	301,671
Astaíochtaí Eile a Bhaineann le Breosla agus Fuinneamh (Díosal agus Gás)	2022	2021	2020	2019	2018
Astaíochtaí Díosail B0 tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	14.26	13.86	14.11	16.45	14.92
Astaíochtaí Gáis tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.16	0.17	0.18	0.19	0.19
Meánchumasc bithbhreosla díosail – astaíochtaí tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	2.57	2.41	2.09	2.95	2.91
Astaíochtaí gásola (ceirisín) tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.004	0.000	0.003	0.003	0.003
Astaíochtaí Leictreachais tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.10	0.11	0.12	0.13	0.13
Sciathra an Fhlít	2022	2021	2020	2019	2018
Feithiclí seirbhíse ina bhfuil inneall astaíochtaí ísle (≥ Euro VI) (%)	80%	68%	55%	53%	43.00%
Feithiclí seirbhíse ina bhfuil inneall hibrideach (%)	8%	9%	0%	0%	0%
Feithiclí seirbhíse atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa (faoi thiomáint go hiomlán ag leictreachas nó hidrigin) (%)	0.4%	0.3%	0%	0%	0%

* Áirítear leis na hastaíochtaí scóip 3 astaíochtaí ó uisce, dramhaíl, aerthaisteal agus astaíochtaí tobar-go-humar de bharr úsáid breosla

Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2022	2021	2020	2019	2018
Dramhaíl iomlán a gineadh (tonnaí)	620	623	681	782	745
Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonnaí)	120.9	93.5	47.7	76.0	45.0
Dramhaíl a rinneadh a athchúrsáil/a aisghabháil (% den dramhaíl a bailíodh le hathchúrsáil)	20%	15%	7%	10%	6%
Dramhaíl Ghuaiseach (tonnaí)	583	398			
Bainistíocht uisce	2022	2021	2020	2019	2018
Ídiú uisce (méadar ciúbach)	43,768*	48,719	-	-	-

* Tá sceitheadh a tharla i nDroichead Átha faoi imscrúdú agus ní áirítear Droichead Átha i bhfigiúr na bliana 2022

Bus Átha Cliath



* Táthar ag feitheamh ar na figiúirí éifeachtúlachta fuinnimh i leith 2022 arna bhfóru ag SEAI. Nuair a bheidh siad fíoraithe, beidh siad ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin faireacháin agus tuairiscithe SEAI.

Aistriú chuig flít feithiclí ísealcharbóin



In 2022, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair go raibh ordú á chur isteach ar 100 bus ceallra-leictreach dhá urlár i gcomhair Bhus Átha Cliath. Táthar ag súil go gcuirfear na busanna ceallra-leictreacha nua i mbun seirbhíse le Bus Átha Cliath faoi Ráithe 4 2023.

Faoi 2030, soláthróidh BusConnects Bhaile Átha Cliath 230km de chonairí bus chun seirbhísi iompair phoiblí a chur ar fáil atá sábháilte, inrochtana agus éifeachtach, agus laghdófar an brú tráchta, an torann agus an truailliú aeir. Cuirfear le líon na bhfeithiclí atá ag Bus Átha Cliath agus aistreofar chuig feithiclí atá saor ó astaíochtaí faoi 2035 chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh ar sheirbhísi. Táthar ag súil go spárálfaidh flít feithiclí saor ó astaíochtaí Bhus Átha Cliath 30,000 tonna CO₂ in aghaidh na bliana amach anseo agus go gcuideoidh sé linn cloí leis na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Chuaigh Bus Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Voi Technology chun treoirhionscadal iompair inbhuanaithe 12 mhí a sheoladh d'fhostaithe. I mí an Mheithimh 2022, chuir Voi flít 20 rothar leictreach ar fáil d'fhostaithe Bhus Átha Cliath chun taisteal idir na hocht n-iosta bus ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Éifeachtúlacht Fuinnimh



Chun a spriocanna uailmhianacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chomhlíonadh, dhear Bus Átha Cliath treoirhionscadal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh lena ndéanfar iarfheistiú domhain ag láthair roghnaithe de chuid Bhus Átha Cliath. Leis an iarfheistiú sin déanfar uasghrádú ar chreatlach agus fuinneoga an fhoirgnimh agus áireofar leis suiteáil trealaimh atá tíosach ar fhuinneamh agus giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair. Féachfar cé mhéad fuinnimh a spárálfar de bharr an iarfheistithe chun measúnú a dhéanamh ar fhoirgnimh eile ar fud láithreacha Bhus Átha Cliath a uasghrádú. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2022 le roinnt staidéir féidearthachta ar fud fhoirgnimh uile Bhus Átha Cliath.

Tá a chórais soilsithe aitheanta ag Bus Átha Cliath mar ghné dá chuid oibríochtaí a úsáideann a lán leictreachais ar fud na n-iostaí. Tá tionscadal iarfheistithe LED ar siúl chun soilsiú LED atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil in ionad na soilse atá ann cheana, chomh maith le gaireas chun na soilse a rialú go huathoibríoch agus níos lú fuinnimh a úsáid i limistéir nach bhfuil aon duine iontu. Tá suirbhé á dhéanamh ag Bus Átha Cliath ar ocht láthair chun sainriachtanais iarfheistithe a aithint, agus cuirfear tús le hiarfheistiú na soilse LED in 2023 nuair a bheidh torthaí an tsuirbhé ar fáil.

An Geilleagar Ciorclach



Chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na cineálacha dramhaíola a ghintear ar fud na n-oibríochtaí agus chun cineálacha éagsúla dramhaíola a dheighilt óna chéile lena n-athchúrsáil, choimisiúnaigh Bus Átha Cliath suirbhé ar chomhdhéanamh na dramhaíola ag a iosta sa Chloch Leathan. Úsáidfeadh torthaí an tsuirbhé agus moltaí uaidh chun réimsí a shainaithint ina bhféadfaí feabhas a chur ar an ráta athchúrsála ag iosta na Cloiche Leithne, agus déanfar an suirbhé arís go tráthrialta chun aon athruithe ar an ráta athchúrsála a léiriú.

In 2022, suiteáladh córas chun uisce báistí a bhailiú in iosta busanna Chnoc an tSamhraidh ionas gur lú an méid uisce a thógfaí ón gcóras poiblí agus chun an brú ar sholáthar uisce Bhaile Átha Cliath a laghdú. Meastar go spárálfadh an córas sin thart ar 3 mhilliún lítear uisce in aghaidh na bliana. Tar éis anailís a dhéanamh ar thorthaí oibríochtaí tosaigh an chórais, cuirfeadh an teicneolaíocht sin i bhfeidhm ag iostaí bus eile.

An Bhithéagsúlacht

In 2022, chuir Bus Átha Cliath tús lena thionscadal bithéagsúlachta agus folláine, faoina gcuirfeadh bláthanna fiáine agus crainn thart timpeall ar 'limistéir folláine' ar féidir le fostaithe Bhus Átha Cliath úsáid a bhaint astu nuair a bheidh sos á ghlacadh acu. Déanfar na limistéir sin a leathadh amach ar fud láithreacha i lár na cathrach agus lasmuigh den chathair, ag tacú le feasacht ar bhithéagsúlacht dhúchasach na tíre agus ar fholláine choirp agus folláine mheabhrach na bhfostaithe. Rud eile a rinne Bus Átha Cliath is ea claífort mór nach raibh in úsáid ag iosta na Cloiche Leithne a athrú ina mhóinéar bláthanna fiáine in 2022. Cuireadh plandaí dúchasacha agus bláthanna fiáine ann, rud a chuireann leis an mbithéagsúlacht uirbeach, a thacaíonn le pailneoirí, agus a chothaíonn gnáthóg d'éin bheaga agus d'fheithidí.

Cuireadh tús leis an tionscnamh 'Dublin Buzz' in 2021 nuair a suiteáladh coirceog in iosta Bhaile Phib. Tá borradh faoin tionscnamh agus, in 2022, cuireadh an dara coirceog i gceapach nár úsáideadh roimhe seo ag iosta na Cloiche Leithne. Tá bláthanna fiáine curtha timpeall na gcoirceog chun foinse bia a sholáthar do na beacha, agus beidh suas le 150,000 beach ina gcónaí iontu i rith an tsamhraidh.

Rannpháirtíocht sa Phobal



Tá Bus Átha Cliath tiomanta do dheathionchar sóisialta a bheith againn ar na pobail, pobail ar cúis bhróid aige é freastal orthu. In 2022, d'fhógair Bus Átha Cliath 65 buaiteoir na nGradam Meoin Pobail, faoinar bronnadh deontais €5,000, €2,000 nó €1,000 chun tacú lena dtionscadail phobail.

Tá tacaíocht tugtha ag Bus Átha Cliath d'Fhéile Bróid Bhaile Átha Cliath ó 2008 i leith ar bhonn iarrataí óna fhostaithe LADTA+. Ag leanúint ar aghaidh ón rath a bhí ar chomhpháirtíocht Bhród 2021 Bhus Átha Cliath le Gay Community News, chuaigh sé i gcomhpháirtíocht le LGBT Ireland i gcomhair Fhéile Bhróid na bliana 2022.

In 2020, bhunaigh Bus Átha Cliath comhpháirtíocht dhá bhliain le Club Peile Bohemian Bhaile Átha Cliath chun tacú le fás an chlub agus cur lena thionchar dearfach ar chathair Bhaile Átha Cliath. Tríd an gcomhpháirtíocht, thug Bus Átha Cliath tacaíocht d'fhoireann na gcailíní faoi 17 mbliana d'aois agus é ina aidhm leis sin rannpháirtíocht ban agus cailíní sa spórt a spreagadh.

Comhionannas Inscne agus Comhdheiseanna



Tá beartais agus tionscnaimh forbartha ag Bus Átha Cliath chun tacú lena fhostaithe LADTA+. In 2017, sheol sé Beartas agus Treoirínite um Aistriú Inscne san Ionad Oibre, ina soláthraítear faisnéis chuimsitheach d'fhostaithe agus dá mbainisteoirí i mBus Átha Cliath ar fhéiniúlacht inscne agus ar aistriú inscne. Tá an beartas ar cheann de na cinn is chuimsithí agus is forbartha sa tír, agus tá Bus Átha Cliath ar cheann de na chéad eagraíochtaí in Éirinn a thug isteach beartas dá leithéid.

Tá Bus Átha Cliath meáite ar dhul i ngleic leis an éagothroime idir na hinscní i measc a fhórsa saothair. In 2016, reáchtáil Bus Átha Cliath na chéad laethanta oscailte dá chuid do mhná agus é ina aidhm aige níos mó ban a earcú le bheith ina dtiománaithe bus. Cé gur cuireadh na laethanta oscailte sin ar fionraí in 2020 agus 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19, idir Lúnasa 2019 agus Nollaig 2022 tháinig méadú 72% ar líon na mban a bhíonn ag tiomáint le Bus Átha Cliath, agus bhí 70% de na fostaithe nua sin tar éis freastal ar lá oscailte. Beidh na laethanta oscailte sin á reáchtáil arís in 2023 agus beidh Bus Átha Cliath ag díriú ar chur le líon na mban agus na daoine ó ghrúpaí mionlaigh i measc na dtiománaithe.

Príomhthásairí Feidhmíochta Bhus Átha Cliath:

Déantar astaíochtaí scóip 1,2 agus 3 a ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochtaí ó Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Féach tábla na bhFachtóirí Tionaithe i dtaobh Astaíochtaí Carbóin le haghaidh na bhfachtóirí tionaithe a mbaintear leas astu.

Colún 1: Geilleagrach

Luach Geilleagrach a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2022	2021	2020	2019	2018
Aistir a rinne paisinéirí (milliúin)	121	70	69	142	143
Líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí (milliúin)	968	559	555	1,147	979
Líon na mbusanna atá ar an mbóthar	1,056	1,034	994	1,016	1,010

Colún 2: Sóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Inrochtaineacht	2022	2021	2020	2019	2018
Stáisiúin/stadanna lán-inrochtana (%)	100%	100%	100%	100%	100%
Rannpháirtíocht sa Phobal	2022	2021	2020	2019	2018
Líon na nGrúpaí ar bronnadh deontas 'Meon Pobail' orthu	65	65	-	88	85

Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair					
Infheistiú inár bhfostaithe	2022	2021	2020	2019	2018
Líon na bhFostaithe	3,771	3,642	3,573	3,475	3,424
Comhionannas inscne	2022	2021	2020	2019	2018
Mná i measc na bhfostaithe (%)	8%	8%	7%	7%	7%
Mná i róil ardbhainistíochta (%)	21%	22%	22%	22%	22%
Comhaltaí boird ar mná iad (%)	38%	50%	44%	44%	44%



Colún 3: Cúrsaí Comhshaoil

Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	2022	2021	2020	2019	2018
Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (míle tCO ₂ e)	66.58	61.42	62.33	69.39	74.08
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas a cheannaítear (míle tCO ₂ e)	1.47	1.56	1.32	1.52	1.68
Scóip 3 – Astaíochtaí indíreacha eile (míle tCO ₂ e)*	15.710	-	-	-	-
Iomlán na n-astaíochtaí (míle tCO ₂ e)	83.760	-	-	-	-
Éifeachtúlacht Fuinnimh	2022	2021	2020	2019	2018
Úsáid díosail (míle lítear)	24,116	22,148	22,440	25,029	26,759
Úsáid díosail (MWh)	245,236	225,225	228,187	254,518	272,115
Leictreachas iomlán (MWh)	4,324	4,401	4,423	4,576	4,463
Úsáid gáis (MWh)	9,036	9,189	10,020	10,785	11,111
Ídiú Fuinnimh Iomlán (MWh)	258,596	238,814	242,630	269,880	287,689
Astaíochtaí Eile a Bhaineann le Breosla agus Fuinneamh (Díosal agus Gás)	2022	2021	2020	2019	2018
Astaíochtaí Díosail B0 tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	15.16	13.93	14.11	15.74	16.82
Astaíochtaí Gáis tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.28	0.29	0.31	0.34	0.35
Astaíochtaí Leictreachais tobar-go-humar (míle tCO ₂ e)	0.11	0.11	0.11	0.11	0.11
Sciartartha an Fhlít	2022	2021	2020	2019	2018
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro IV (%)	9%	15%	14%	14%	14%
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V (%)	14%	7%	7%	15%	15%
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%)	53%	60%	57%	56%	46%
Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%)	22%	15.00%	0.88%	0.88%	0%
Busanna atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%)	0%	0%	0%	0%	0%
Meánaois an fhlít busanna (blianta)	6.34	6.8	7	7	6

* Áirítear leis na hastaíochtaí scóip 3 astaíochtaí ó uisce, dramháil, aerthaisteal agus astaíochtaí tobar-go-humar de bharr úsáid breosla

Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramháola	2022	2021	2020	2019	2018
Dramháil iomlán a gineadh (tonnaí)	640	733	817	821	912
Dramháil a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonnaí)	470	463	563	627	658
Dramháil a rinneadh a athchúrsáil/a aisghabháil (% den dramháil a bailíodh le hathchúrsáil)	73%	63%	69%	64%	72%
Dramháil ghuaiseach (tonnaí)	1,102	-	-	-	-
Bainistíocht uisce	2022	2021	2020	2019	2018
Ídiú uisce (méadar ciúbach)	85,567	75,185	61,221	56,754	-

Forbraíochtaí atá Dírithe ar Iompar Poiblí

Tá Grúpa CIÉ tiomanta d'fhorbraíochtaí atá dírithe ar iompar poiblí a chomhtháthú nuair is féidir é, agus é ag baint úsáid as na réadmhaoine fairsinge lárnacha atá i bpunann Ghrúpa CIÉ. Tá sé d'acmhainn againn an soláthar tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha a bharrfheabsú i ngar do na seirbhísí iompair ardchaighdeáin ardmhíníochta a bhíonn riachtanach chun tacú le forbraíochtaí atá dírithe ar iompar poiblí.

Faoinár gcuspóirí forbartha, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta a bhfuil dea-dhearadh orthu, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair.

Tá tionscadail ar bun ag Grúpa CIÉ lena n-áirítear Máistirphlean Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.




Máistirphlean Heuston

Is treoirphlean é Máistirphlean Heuston chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar thailte ag Stáisiún Heuston i gcomhair úsáidí éagsúla, mar eiseamláir d'fhorbraíocht atá dírithe ar iompar poiblí.

Tá thart timpeall is 10 heicteár talún a d'fhéadfaí a fhorbairt, agus d'fhéadfadh an stráice talún sin a bheith oiriúnach d'fhorbraíocht ilchineálach os cionn 210,000 méadar cearnach, agus breis is 1,000 aonad cónaithe san áireamh léi.

Tá tograí á gcur chun cinn maidir le bealaí agus saoráidí breise do choisithe agus do rothaithe, feabhsófar cúrsaí inrochtaineachta, spreagfar soghluaisteacht inbhuanaithe agus spreagfar níos mó daoine chun leas a bhaint as seirbhísí iompair poiblí – rud a chuirfidh leis an ról atá ag Heuston mar mhol le haghaidh seirbhísí éagsúla iompair poiblí agus córacha iompair éagsúla lena gcothaítear an tsoghluaisteacht inbhuanaithe.


Déanfar na pleananna a fhorbairt tuilleadh i rith 2023, agus é i gceist an comórtas maidir le Céim a hAon den fhorbraíocht a sheoladh chomh luath agus is féidir é.



Máistirphlean Stáisiún Colbert, Luimneach

Tá Grúpa CIÉ ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar thograí chun tailte a athnuachan ag Stáisiún Colbert ag teacht le Creat Spásúlachta Cheantar Stáisiún Colbert, rud atá beartaithe a bheith ina eiseamláir d'fhorbraíocht atá dírithe ar iompar poiblí agus ina mbeidh suas le 2,800 teach.

Tá an obair foirgníochta ar bun chun síneadh a chur le slí dhála Stáisiún Colbert chun seirbhísí bus agus iarnróid a chomhtháthú go hiomlán leis. Beidh 21 cuas bus nua ann, oifigí ticéad inrochtana nua agus aonaid mhiondíola agus leithris. Déanfar oibreacha athchóirithe ar na saoráidí atá ann cheana.



Stáisiún an Cheanntaigh, Corcaigh

Tá oifigí Chéim 1 forbartha agus ligthe ar cíos anois le Apple agus Regus agus tá Óstán an Dean ar oscailt. Tá an-dul chun cinn déanta maidir leis an scéim oifigí faoi Chéim 2. Spás oifige 29,000 méadar cearnach san iomlán atá beartaíte i gCé Uí Argáin, mar aon le forbraíocht ina mbeidh 325 aonad cónaithe.



Stáisiún Uí Chonghaile

Cuireadh tús leis an obair forbartha ag an stáisiún in 2022. Is éard a bheartaítear a thógáil limistéar 59,000 méadar cearnach d'oifigí, óstán 200 leaba, agus 187 aonad cónaithe. De bharr na scéime sin, beidh feabhas mór ar na naisc leis an bpobal áitiúil agus is fearr an rochtain a bheidh ag daoine ar an stáisiún agus ar sheirbhísí iarnróid.

Duga Spencer

Tugadh i gcrích an dara céim d'fhorbairt Dhuga Spencer, lenar soláthraíodh c. 40,000 méadar cearnach d'oifigí ina bhfuil Salesforce, óstán 200 seomra (Óstán Samuel), agus 393 aonad cónaithe.



Stáisiún Cheannt, Gaillimh, Céim 1

Ar na tailte laistean de Stáisiún Cheannt a bheidh an scéim ilchineálach atá beartaíte, 'Cnoc San Agaistín', ina mbeidh 376 aonad cónaithe agus forbraíocht mhór mhiondíola. Tá cead pleanála á achomharc faoi láthair chuig an mBord Pleanála agus táthar ag súil leis an gcinneadh le fada an lá.

Taobhlach Bhostún

Tá an áit a mbíodh Taobhlach Bhostún tráth suite i gceantar na gcuideachtaí teicneolaíochta (Silicon Docks mar a thugtar air) i mBaile Átha Cliath. I mí na Bealtaine 2021 a tosaíodh ag tógáil scéim oifigí den scoth, a chlúdódh 20,000 méadar cearnach, agus beartaítear an obair a bheith críochnaithe gar do thús na bliana 2024.

Straitéis maidir le Tithíocht do Chách

Is é Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn' plean tithíochta an Rialtais i leith na tréimhse go dtí 2030, a seoladh i Meán Fómhair 2021. Sa phlean sin, leagtar de chúram ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún dlús a chur le soláthar tailte stáit le haghaidh tithíochta, go háirithe tithíocht inacmhainne. Luaitear go sonrach ceithre réadmhaoin atá i nGrúpa CIÉ: Stáisiún Colbert i Luimneach, Oibreacha Inse Chór, an Chloch Leathan agus Garáiste Bhóthar Conyngham

Tá Grúpa CIÉ ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun cabhrú le cuspóirí na straitéise a bhaint amach.

Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2022 go dtí an dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Fiona Ross *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Frank Allen

James Doran*

Brian Fitzpatrick *(Athcheapadh é an 16 Aibreán 2022)*

Stephen Hannan*

Dermot Healy*

Miriam Hughes *(Ceapadh í an 26 Aibreán 2022)*

Niamh O'Regan *(Athcheapadh é an 16 Aibreán 2022)*

Liam O'Rourke

Gary Owens *(Ceapadh é an 24 Bealtaine 2022)*

Fiona Sweeney *(Athcheapadh é an 16 Aibreán 2022)*

Tommy Wynne*

* Comhalta is Oibrí

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane

Stáisiún Heuston

Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Liam O'Rourke	Cathaoirleach
Brian Fitzpatrick	
Niamh O'Regan	<i>(D'éirigh as an 1 Samhain 2022)</i>
Fiona Ross	<i>(Ceapadh é an 1 Meitheamh 2022)</i>

Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord Ghrúpa CIÉ

Niamh O'Regan	Cathaoirleach
Frank Allen	
Brian Fitzpatrick	
Miriam Hughes	<i>(Ceapadh í an 1 Meitheamh 2022)</i>
Gary Owens	<i>(Ceapadh í an 1 Meitheamh 2022)</i>
Fiona Sweeney	

Coiste Pinsean Ghrúpa CIÉ

Fiona Sweeney	<i>Cathaoirleach</i>
Stephen Hannan	
Dermot Healy	<i>(Ceapadh é an 6 Aibreán 2022)</i>
Niamh O'Regan	
Liam O'Rourke	

Coiste Luacha Saothair Bhord CIÉ

Brian Fitzpatrick	<i>Cathaoirleach</i>
Niamh O'Regan	
Fiona Ross	

Grúpaí Comhairleacha

Grúpa Comhairleach CIÉ um Inbhuanaitheacht

Fiona Ross	<i>Cathaoirleach</i>
Éamonn Ballance	
Caoimhe Donnelly	
James Doran	<i>(Ceapadh é an 6 Aibreán 2022)</i>
Sharon Flood	
Richard Manton	
Lorcan O'Connor	
Colin Ward	

Grúpa Comhairleach CIÉ um Réadmhaoin

Brian Fitzpatrick	<i>Cathaoirleach</i>
Aidan Cronin	
James Doran	<i>(Ceapadh é an 6 Aibreán 2022)</i>
Niall Grogan	
Lorcan O'Connor	
Tommy Wynne	

Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Lorcan O'Connor	<i>Príomhfheidhmeannach, CIÉ</i>
Ray Coyne	<i>Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath (Chuaigh ar scor an 30 Meitheamh 2022)</i>
Billy Hann	<i>Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath (Ceapadh é an 1 Nollaig 2022)</i>
Stephen Kent	<i>Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann</i>
Jim Meade	<i>Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann</i>

Iniúcháirí

Mazars,
Bloc 3,
Ionad Fhearchair,
Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

Aturnae

Colm Costello,
Bridgewater House,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



Fiona Ross, Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin

Is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í Fiona Ross a bhfuil an-taithí aici san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

- I mí an Mheithimh 2021 d'athcheap an Rialtas Fiona mar chathaoirleach ar Chóras Iompair Éireann (CIÉ).
- Ceapadh Fiona ina Cathaoirleach ar Bhord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Péidiatracigh in 2021.
- Bhí Fiona ina comhalta de Bhord FSS, áit ar fhóin sí ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca.
- Sa Ríocht Aontaithe, feidhmíonn Fiona mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le Rialtas na hAlban agus, i mí na Bealtaine 2020, cheap Rialtas na Ríochta Aontaithe í chun fónamh ar Bhord Network Rail. I mí an Mhárta 2023, ceapadh í ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Oifig Thuaisceart Éireann.

Tá údarú ag Fiona freisin ó Bhanc Ceannais na hÉireann agus feidhmíonn sí mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le JK Funds, le Evelyn Partners, áit a bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca, agus le SphereInvest.

Thosaigh Fiona mar stocbhróicéir i gCathair Londan agus chaith sí 25 bliain ag obair i ngach réimse laistigh de mhargaí caipitil i mBaile Átha Cliath, i Londain, in Oirthear na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe.

In 2010, cheap an tAire Ealaíon Fiona chun Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a rith. Ina dhiaidh sin, lean Fiona ag cur spéis sna hEalaíona agus chuaigh sí i bpáirt le teaghlach Heaney mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar eastát liteartha Heaney.

Is céimí í Fiona de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus na hInstitiúide Ealaíne agus Deartha (IADT).

In 2012, bhronn Ollscoil George Washington sna Stáit Aontaithe comhaltacht Rialachais ar Fiona.



Frank Allen

Athcheapadh Frank Allen ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann in 2020.

Comhairleoir neamhspleách airgeadais is ea é, a chuireann comhairle ar eagraíochtaí faoin infheistíocht i mbonneagar agus in oibríochtaí i ngeilleagair atá i mbéal forbartha nó i ngeilleagair idirlinne den chuid is mó. Tá sé ina chathaoirleach ar bhord Corre Energy b.v., cuideachta fuinnimh in-athnuaite atá liostaithe ar Euronext Dublin, agus ina chathaoirleach ar bhord na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, eagraíocht a mhaoíníonn tithíocht shóisialta inacmhainne. Ar feadh na mblianta fada, bhí sé ina chathaoirleach ar bhord Depaul Ireland, a chuireann lóistín agus tacaíocht eile ar fáil do dhaoine atá gan dídean. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród, an dream a chuir Luas i bhfeidhm, ó 2002 go 2012.

Tá céimeanna bainte amach ag Frank ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ó Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts. Bhíodh sé ag obair roimhe seo do Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda in Washington DC agus in Oirthear na hEorpa agus bhí sé ina Cheannaire Airgeadais Bonneagair do Bhanc KBC san Ionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath. Is Comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair.



James Doran

Ceapadh James (Jimmy) Doran ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Rinne Jimmy a phrintíseacht san obair leictreach le CIÉ ó 1980-84 agus ansin, tar éis dó a bheith ag obair ar láithreacha tógála i Londain ar feadh sé bliana, d'fhill sé ar Éirinn in 1991 chun teacht ag obair mar leictreoir le Bus Átha Cliath i nGaráiste Chluain Tarbh. Is ansin atá sé ó shin.

Toghadh Jimmy ina ionadaí ceardchumainn in 1993 agus tá sé ar Choiste Caibidlíochta Bhus Átha Cliath ó shin i leith. Tá sé ina chomhalta de Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta an Cheardchumainn Connect, ina chathaoirleach ar a Choiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Iompar, agus déanann sé ionadaíocht don cheardchumann ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) agus ar Ghrúpa Iompair ICTU.

Tá muintir Jimmy ag obair in earnáil an iompair phoiblí le trí ghlúin anuas agus tá an traidisiún céanna sin acu i leith gníomhaíochas sna ceardchumainn: bhí a sheanathair, Jimmy Doran eile, i measc bhunaitheoirí IES&FTU, réamhtheachtaí an cheardchumainn Connect, in 1920.



Brian Fitzpatrick

Is cuntasóir agus gairmí airgeadais é Brian a bhfuil an-taithí aige sa réimse sin. Ceapadh ar Bhord CIÉ é i mí Aibreáin 2019 agus athcheapadh é i mí Aibreáin 2021. Faoi láthair tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Luacha Saothair Bhord CIÉ agus ar Ghrúpa Comhairleach CIÉ um Réadmhaoin. Is comhalta é freisin de Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ agus de Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord CIÉ.

Sular thosaigh sé ar Bhord CIÉ bhí Brian ina Stiúrthóir Airgeadais agus ina Rúnaí Cuideachta ar BAM Contractors Ltd, an chuideachta innealtóireachta sibhialta agus tógála is mó sa tír. D'éirigh sé as BAM in 2015 ach bhí sé fós ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin leis an gcuideachta sin go dtí mí na Nollag 2019, nuair a d'éirigh sé as an mBord. Chaith sé an chuid tosaigh dá ghairm san earnáil seirbhísi airgeadais mar Rialaitheoir Airgeadais le First National Building Society, nó First Active Plc mar a thugtar air anois.

Ina theannta sin, bhí Brian ina Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an comhlacht Stáit atá freagrach as an maoiniú i gcomhair na nUdarás Áitiúil agus na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sholáthraíonn tithíocht shóisialta inacmhainne. Bhí sé ina Chathaoirleach buan ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtí gur scoir sé de Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta agus Airgeadais in 2021.



Stephen Hannan

Athcheapadh Stephen Hannan ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Bhí sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina chomhalta den Choiste Rannán, agus ina Ionadaí losta i measc eile.



Dermot Healy

Ceapadh Dermot ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag losta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé ag obair le CIÉ in 1983 mar fhreastalaí sóisearach proinnchairr agus ansin bhog sé go Rannóg na bPaisinéirí Bóthair an bhliain dár gcionn agus é i róil amhail Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí ó 1991 i leith.

Tá páirt ghníomhach aige sa cheardchumann ina bhfuil sé, NBRU, ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraobhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'Fhoireann Náisiúnta Caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheistean Caidrimh Thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtáí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



Miriam Hughes

Ceapadh Miriam ar Bhord CIÉ an 26 Aibreán 2022. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í Miriam, is Comhairleoir Gnó Straitéiseach Neamhspleách í agus is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í.

Cheap an tAire Ryan Miriam ina Cathaoirleach ar bhord Bhus Éireann i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den bhord sin ó 2019 agus d'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, mar chomhalta dá Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, dá Choiste Inbhuanaitheachta agus de Choiste Straitéise an Bhoird.

Faoi láthair tá Miriam ina Cathaoirleach ar Bhord Chaihdeáin Fógraíochta na hÉireann, ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Eir agus ar thithe altranais CareChoice, ina Cathaoirleach agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Pluto, gníomhaireacht mhargaíochta neamhspleách. Is meantóir í ar Phainéal Fhiontraíocht Éireann.

Bhíodh sí ina Príomhfheidhmeannach ar cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn – DDFH&B. Le linn a seal 17 mbliana ansin, bhainistigh sí éadálacha iomadúla, samhla nua gnó agus cumasc. Bhíodh sí ag obair leis an iomaí cliant mór ar nós Bhord Gáis, an Chrannchuir Náisiúnta, Littlewoods, Irish Life agus SuperValu. Ina theannta sin, bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceannaire Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí róil mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB.

Is céimí de chuid UCD í Miriam agus tá céim Baitsiléara Tráchtála agus Máistreachta sa Mhargaíocht aici. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Charthanas Barnardo's in Éirinn, ina hUachtarán ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, ina Cathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, ina comhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, ina comhalta de bhord Fhoras Ospíse na hÉireann agus ina comhalta de chomhairle Institiúid Margaíochta na hÉireann.



Niamh O'Regan

Athcheapadh Niamh O'Regan ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2022 agus is í atá ina Cathaoirleach ar Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ.

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann í Niamh, ar cuireadh oiliúint uirthi le PWC. Tá céim B.A. (Onóracha) aici sa Fhraincis agus sa Spáinnis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasáocht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Dioplóma speisialtóra i Riosca, Comhlíonadh agus Iniúchóireacht Inmheánach ó Chuntasóirí Cairte Éireann.

Tá os cionn 25 bliain taithí ag Niamh agus cuid mhór den taithí sin faighte aici i dtionscail na Seirbhísí Airgeadais agus Sláinte. Airítear leis an taithí ghairmiúil atá aici róil in Barclays Bank i Londain mar Cheann Feidhmíochta Gnó agus in Barclays Bank in Éirinn mar Cheann Bainistíochta Gnó.

Tá Niamh ina Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin ar ALD RE DAC áit a bhfuil sí ina Cathaoirleach ar Choiste Riosca an Bhoird. Ina theannta sin, tá sí ina Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin le Vera Financial DAC, le Catalina Insurance Ireland agus le Credit Agricole Creditor Insurance. Is ise atá ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta an Bhoird i gcás gach ceann de na cuideachtaí sin.



Liam O'Rourke

Athcheapadh Liam O'Rourke ar Bhord CIÉ i mí Mheán Fómhair 2021. Is Comhalta é d'Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhneithe in Éirinn (FCPA). Bhí poist shinsearacha feidhmiúcháin aige le cuideachtaí déantúsaíochta ilnáisiúnta i Stáit Aontaithe Mheiriceá le breis agus 30 bliain anuas, agus tá taithí fhairsing aige i réimsí an Airgeadais, na nAcmhainní Daonna agus TFC. Roimhe seo bhíodh sé ina Stiúrthóir Airgeadais/Rialaitheoir ar Champion Spark Plug Company agus faoi láthair tá sé ina Iniúchóir Inmheánach le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann.



Gary Owens

Ceapadh Gary Owens ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022.

Tá taithí fhairsing aige ar sheirbhísí airgeadais ar leibhéal an Bhoird agus an Fheidhmeannais Shinsearaigh agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Hibernian Insurance agus IFG Ireland. D'fhóin sé freisin mar Stiúrthóir Neamhspleách ar AIG Ireland agus AIG International, áit a raibh sé ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta. Tá Gary ina Stiúrthóir ar Leaseplan Insurances áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Riosca. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Diona DAC agus ICare Capital Partners.

Tá roinnt ról comhlíonta aige i réimse an spóirt: bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Chumann Peile na hÉireann agus ar Lúthchleasaíocht Éireann araon agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Down Syndrome Ireland.

Is Árachóir Cairte é Gary agus tá sé ina chomhalta den Institiúid Árachais Cairte.



Fiona Sweeney

Is gairmí i réimse na hinfeistíochta í Fiona a bhfuil taithí 30 bliain aici sa tionscal bainistíochta sócmhainní. Bhí róil feidhmiúcháin agus boird aici i ngnóthais infheistíochta ceannródaíocha Éireannacha le 20 bliain anuas. Faoi láthair tá sí ina Príomhfheidhmeannach ar Evelyn Partners Investment Management (An Eoraip). Sna róil sin, bhí sí freagrach as straitéisí gnó éifeachtacha a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur chun feidhme. Tá an-eolas aici ar mhargaí pinsin agus infheistíochta, agus tá taithí mhór aici i réimsí an rialachais chorporáidigh agus na comhlíontachta. Tá Fochéim agus Céim Mháistir san Eacnamaíocht ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Dioplóma i Stiúradh Cuideachta bronnta ag Institiúid na Stiúrthóirí uirthi.



Tommy Wynne

Athcheapadh Tommy Wynne ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus d'fhóin sé i róil éagsúla sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994.

Tá Ard-Dioplóma sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta Iarnróid ag Tommy ón Glasgow Caledonia University. Cháiligh sé mar Idirghabhálaí le déanaí agus tá sé cláraithe le hInstitiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII).

Bhí sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC in SIPTU ar feadh 12 bliain agus faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Earnáil Iompair SIPTU. Toghadh é ar Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta SIPTU le déanaí.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

An Bord

Suas le dáréag Comhaltaí atá ar an mBord agus is é an Rialtas a cheapann iad. Tá ceathrar Oibrithe ina gComhaltaí Boird, arna gceapadh ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana, i ndiaidh toghchán i measc bhaill foirne Ghrúpa CIÉ.

Buaileann comhaltaí an Bhoird le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus ag amanna eile de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó cinneadh a dhéanamh ina dtaobh, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, an buiséad, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí móra, infheistíochtaí, ceapadh Príomhfheidhmeannaigh agus mórbheartais Ghrúpa CIÉ. Tá próiseas cuimsitheach ag Grúpa CIÉ chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn tráthrialta. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid agus na réamhaisnéise ar bhonn tréimhsiúil.

Bíonn fáil ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí an Ghrúpa.

Amhail an 31 Nollaig 2022, mná arbh ea 33% de chomhaltaí an Bhoird agus fir arbh ea 67% acu. Gan na Comhaltaí Boird ar Oibrithe iad freisin san áireamh, cóimheas cothrom mná le fir atá i gceist. Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit. Is faoin Rialtas atá sé Comhaltaí Boird CIÉ a cheapadh. Bíonn breithniú ar chothromaíocht inscne san áireamh ag CIÉ ina chuid tuairimí a bhaineann le ceapacháin chuig an mBord.

Coistí Boird agus Grúpaí Comhairleacha

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iad na coistí atá ann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Luacha Saothair, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta agus Coiste Pinsean. Ina theannta sin, tá Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin agus Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht ag an mBord.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Eintitis mar a tharmligeann an Bord dó. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear Airgeadas, Iniúcháireacht, Rúnaíocht Chuideachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht na Faisnéise, Pinsin, Imscrúduithe agus Éilimh, Inbhuanaitheacht agus Díl. Ina theannta sin, tá an tEintiteas freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil le Grúpa Cuideachtaí CIÉ.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CIR agus is triúr Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair, agus Cathaoirleach CIÉ ina measc. Ní hí Cathaoirleach CIÉ Cathaoirleach an Choiste, áfach. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2022.

Áirítear leis na príomhdhualgais atá ar CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh Ghrúpa CIÉ leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúcháora sheachtraigh, táillí iniúcháireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste faireachán ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag Grúpa CIÉ.

Ceapadh na hiniúcháirí seachtracha, Mazars, in 2020 tar éis próiseas tairisceana. Mhol CIR don Bhord gur cheart Mazars a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Níorbh ann do cheanglais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúcháireachta a sholáthraíonn Mazars, tar éis a cheaptha chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúcháireachta dar luach €165,000 ar fáil don Ghrúpa in 2022. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí, ní mheasann CIR go bhfágann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi go gcuirtear isteach ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar CIR. Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha ar chruinnithe de chuid CIR agus buaileann siad leis an gCoiste ar bhonn bliantúil gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair chun féachaint chuige gur féidir leis na hiniúcháirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí Ghrúpa CIÉ trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca de chuid fhochuideachtaí oibríochta Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tráthrialta le lucht ardbhainistíochta CIÉ.

Chomh maith leis sin, déanann CIR formheas ar chlár oibre na hiniúcháireachta inmheánaí do Ghrúpa CIÉ, buaileann sé go tráthrialta le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann CIR athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann sé moltaí maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta (CAI)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CAI agus is ceathrar Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2022.

Déanann CAI faireachán ar infheistíocht straitéiseach fhéinchistithe agus ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ.

An Coiste Pinsean

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Pinsean agus is cúigear Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2022.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Pinsean le leibhéil chistiúcháin, bainistíocht dliteanais agus straitéis infheistíochta na scéimeanna pinsean agus le rialachas agus comhlíonadh i dtaobh pinsean.

An Coiste Luacha Saothair

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Luacha Saothair agus is triúr Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair. Tháinig an coiste le chéile faoi dhó in 2022.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Luacha Saothair le cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le luach saothair Comhaltaí Boird, Phríomhfheidhmeannach CIÉ agus daoine a thuairiscíonn go díreach chuig Príomhfheidhmeannach CIÉ, agus planáil comharbais san Eintiteas.

An Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an nGrúpa Comhairleach um Réadmhaoin agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair, mar aon le triúr comhaltaí de chuid an Choiste Feidhmiúcháin. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2022.

Déanann an Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin athbhreithniú ar an straitéis maidir le fáil, diúscairt agus forbairt phunann réadmhaoine Ghrúpa CIÉ.

An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an nGrúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair, mar aon le ceathrar comhaltaí de chuid an Choiste Feidhmiúcháin agus comhalta seachtrach amháin. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2022.

Déanann an Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus ar na hacmhainní atá ar fáil i leith na straitéise sin. Déanann sé athbhreithniú freisin ar chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha lena n-áirítear tuairisciú iomchuí a bhaineann leis an aeráid.

Tuarascáil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá áthas orm tuarascáil an Choiste a chur i láthair, ina dtugtar léargas ar na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2022 agus ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí don bhliain 2023.

Tá an Coiste seo á rialú ag Téarmaí Tagartha cuimsitheacha scríofa, a bhfuil cóip díobh ar fáil ar shuíomh gréasáin CIÉ.

Ó thaobh maoirseachta de, braitheann an Coiste ar an obair a dhéanann Coistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí agus díríonn sé ar fheidhmiú an Chreata Bainistíochta Riosca ar fud an Ghrúpa agus ar na hábhair sin a mbeadh tionchar ábhartha acu ar Ghrúpa CIÉ. Fuair an Coiste tuarascáil bhliantúil ó gach duine de Chathaoirligh na gCoistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid na bhfochuideachtaí ag a chruinniú an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Is stiúirthóirí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin iad comhaltaí uile an choiste, agus tá taithí ábhartha ar chúrsaí airgeadais, a fuarthas le déanaí, ag an gCathaoirleach. Ón 5 Meitheamh 2019 i leith, ní raibh aon fholúntas ar an gCoiste.

Príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2022

Leanann an Coiste de phríomhról a bheith aige i dtaobh an rialachais agus déanann sé athbhreithniú thar ceann an Bhoird ar ábhair thábhachtacha a bhaineann le tuairisciú airgeadais, dearbhú rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán. Lean sé ar aghaidh ag díriú ar na hábhair sin in 2022. Bhí obair an Choiste dírithe freisin ar na rioscaí atá roimh an ngnó, ionas go bhféadfadh sé teacht ar thuiscint níos fearr ar chineál na rioscaí sin agus dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha gaolmhara. Go háirithe, rinne an Coiste an méid seo a leanas:

- Rinneadh faireachán leanúnach ar thionchar COVID-19 ar an nGrúpa lena n-áirítear an tionchar ar ghnó CIÉ Tours.
- Rinneadh faireachán ar thionchar an chogaidh idir an Rúis agus an Úcráin agus ar thionchar an bhoilscithe ar bhreosla agus costais eile
- Fuarthas nuashonruithe ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus rinneadh faireachán ar riachtanais tuairiscithe inbhuanaitheachta atá le teacht.
- Rinneadh measúnú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus na gcóras bainistíochta riosca. Eagraíodh seimineár Bainistíochta Riosca do Chomhaltaí Boird agus Stiúirthóirí ar fud an Ghrúpa i rith na bliana.
- Ceapadh Ceann nua ar fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa.

Rinneadh breithiúnais chuntasaíochta ar nithe tábhachtacha, aithníodh príomhbhoinn tuisceana agus rinneadh meastacháin i gcomhair Ráitis Airgeadais 2022

D'athbhreithnigh an Coiste na príomhbhoinn tuisceana agus na meastacháin is bonn leis na mór-réimsí breithiúnais seo a leanas mar a leagtar amach sna Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo:

- Gnóthas Leantach;
- boinn tuisceana pinsin i dtaobh FRS102 agus dliteanas pinsin;
- Soláthairtí i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra;
- Sócmhainní seasta inlámhsithe agus deontais chaipitil.

Éifeachtacht an Choiste

Sonraítear i dTéarmaí Tagartha an Choiste go gcoimeádfaidh sé a fheidhmíocht féin faoi athbhreithniú leanúnach. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar fheidhmíocht an Choiste i bhfómhar na bliana 2022. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú seachtrach agus is orthu sin atá tosaíochtaí an Choiste i gcomhair 2023 bunaithe.

Tosaíochtaí i gcomhair 2023

Tá na tosaíochtaí seo a leanas leagtha síos ag an gCoiste dó féin le tabhairt fúthu in 2023:

- Pleanáil Comharbais;
- Cur leis an tuairisciú a dhéantar ar chuspóirí, gníomhaíochtaí agus torthaí an Choiste sa Tuarascáil Bhliantúil;
- Nochtadh níos mó a dhéanamh ar rioscaí agus maoluithe comhaontaithe (ar fud Ghrúpa CIÉ) le cur san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus
- Plé níos mionsonraithe ar ábhair a mbaineann an-tábhacht leo don Ghrúpa agus a ndúshlán a chur, agus go dtabharfaidh an t-iniúchóir seachtrach nó speisialtóirí cuir i láthair/nuashonruithe ar cheisteanna tráthúla roghnaithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí eile an Choiste as a gcuid oibre agus a dtacaíocht i rith na bliana agus as an léargas a chuir siad ar fáil dom.

AWAITING SIGNOFF

Liam O'Rourke

Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá formheasta ag a mbord féin. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Eintiteas CIÉ (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé formheasta ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air as a áirithiú go gcoimeádar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) agus Bord CIÉ athbhreithniú ar an ráiteas seo lena áirithiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúcháirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena áirithiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhorghabháil.

An Acmhainneacht i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Eintiteas. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le suas le triúr Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gCoiste, a nglacfaidh duine acu ról Chathaoirleach an Choiste. Sa chás nach mbeidh comhdhéanamh Bhord CIÉ i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach thuas, féadfaidh an Bord Cathaoirleach Coiste agus comhaltaí coiste nach Comhaltaí de Bhord CIÉ iad a cheapadh.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIR.

Tá an bhainistíocht riosca laistigh de Ghrúpa CIÉ bunaithe ar Bheartas Riosca Ghrúpa CIÉ lena dtacaítear le sainorduithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ i dtaobh a bheith ag feidhmiú ina n-aonair, ar bhonn neamhspleách, agus a bheith ag feidhmiú le chéile de réir mar is gá i ndáil le saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu go léir.

Cuirtear san áireamh le Beartas Riosca Ghrúpa CIÉ ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus ceanglais na hEagraíochta um Chaighdeáin Idirnáisiúnta mar a leagtar síos in (ISO) 31000, Bainistíocht Riosca – Prionsabail agus Treoirínte, agus breithnítear ina thaobh na treoirínte dea-chleachtais a leagtar amach sa Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais (Feabhra 2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht as bainistíocht riosca laistigh de Ghrúpa CIÉ a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Airgeadais nó chuig bainisteoir oiriúnach eile laistigh de gach cuideachta atá i nGrúpa CIÉ. Tá a Creat Bainistíochta Riosca féin ag gach ceann de na cuideachtaí sin, atá curtha in oiriúint do shainchuspóirí straitéiseacha na cuideachta agus atá formheasta ag bord na cuideachta.

An Creat Bainistíochta Riosca

Is é an aidhm fhoriomlán atá le Creat Bainistíochta Riosca gach cuideachta de chuid CIÉ ná an próiseas chun riosca a bhainistiú a chomhtháthú i bpróisis bhainistíochta na cuideachta (rialachas, straitéis agus pleanáil iomlán, bainistíocht, tuairiscí, beartais, luachanna agus cultúr).

Is é an cuspóir atá leis a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-aithnítear agus go mbainistítear gach riosca intuartha a d'fhéadfadh cur isteach ar chuspóirí na cuideachta, agus go ndéantar na rioscaí a thuairiscí do Bhord na Cuideachta áirithe sin agus go gcoinnítear Bord CIÉ ar an eolas go cuí faoi na Príomhrioscaí atá i gceist i gcás Ghrúpa CIÉ.

Déantar dearbhú riosca trí mheán na trí líne chosanta. Is é an phríomhdhifríocht atá idir na trí líne chosanta ná a leibhéal neamhspleáchais ar ghníomhaíochtaí oibríochta gach cuideachta agus ar an gcuideachta féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne chosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne chosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne chosanta); agus

- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne chosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair ina gcuid rannóga.

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'úinéir riosca, is é sin ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl. Dearadh na bogearraí sin lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grádú Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

Príomhrioscaí

Laistigh den phróiseas bainistíochta riosca is féidir leis na hÚinéirí Riosca ábhartha a chinneadh an gá díriú ar rioscaí aonair agus iad a chur ar a súile do lucht bainistíochta ar leibhéal níos airde. Chun é sin a bhaint amach, is féidir leo catagóir Príomhriosca a shannadh do roinnt rioscaí ionas go n-aithneofar iad ar fud Ghrúpa CIÉ mar príomhriosca don chuideachta. Má tá an rátáil riosca iarmharach, is é sin rátáil an riosca i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí maolaithe atá i bhfeidhm cheana féin, os cionn leibhéal sonrach meastar sa ghnáthchúrsa gur Príomhriosca é agus is mar sin a thuairiscítear é. Má tá an rátáil faoi bhun an leibhéil a shonraítear, féadfaidh úinéir an riosca é a chur i gcatagóir na bPríomhrioscaí freisin má mheasann sé nó sí gur gá sin chun aird a dhíriú ar an riosca.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua a aithnítear agus Príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí a dhéanann lucht feidhmiúcháin na cuideachta cuí de chuid CIÉ ag a gcruinnithe míosúla.

Clúdaítear na nithe seo a leanas sna tuarascálacha tréimhsiúla:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar Phríomhrioscaí;
- Rioscaí Nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn;
- Forbhreathnú ar Iomlán Rioscaí an Eintitis; agus
- Rioscaí a sháraíonn an fonn riosca agus bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil faoi Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta – más infheidhme – faoi bhráid CIR i gcomhréir leis an bPlean Riosca bliantúil, agus bíonn Tuairiscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear tuarascáil faoi Phríomhrioscaí Ardleibhéil uile an Ghrúpa, lena n-áirítear gnáthrioscaí agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs Ghrúpa CIÉ ar fad. Sonraítear sa tuarascáil sin an stádas i leith Fonn Riosca agus an fheidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta, agus cuirtear faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta agus Riosca CIÉ agus Bhord CIÉ í gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil léi.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh sa chóras rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus do Bhord CIÉ, nuair is cuí.

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairiscíú.
- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sanntá; agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Chomh maith leis na Príomhrioscaí agus na Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, déantar na rioscaí ar fad atá os comhair an Ghrúpa a chatagóiriú laistigh de chomhstruchtúr rioscaí agus comhroinntear an fhaisnéis chun cuidiú leis an mbainistíocht riosca ar fud Ghrúpa CIÉ. Úsáidtear tagarmharc seachtrach domhanda, ar ceann neamhspleách é, chun na rioscaí a ghrúpáil ina gcatagóirí. Déantar iadsan a shórtáil ansin in ord tosaíochta. Ba iad na trí riosca arbh airde tosaíochta in 2022 ná Cibeartheagmhais, Cur isteach ar Ghnó agus an tAthrú Aeráide. Comhroinntear na rioscaí sin ar fud Ghrúpa CIÉ ansin chun féachaint chuige gur de réir an dea-chleachtais a dhéanfar iad a ghrádú agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Príomhrioscaí

Catagóir	Riosca	Bearta Maolaithe
Inbhuanaitheacht	An riosca go mbeidh gá níos mó le hacmhainní agus le bonneagar chun freastal ar riachtanais atá ag dul i méid i dtaobh tuairisciú ar an inbhuanaitheacht	<ul style="list-style-type: none"> Tá oiliúint curtha ag an bhfoireann Inbhuanaitheachta ar fhochuideachtaí CIÉ maidir leis na ceanglais a chuirfear i bhfeidhm i leith Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh Cur i bhfeidhm clár bogearraí bainistíochta sonraí inbhuanaitheachta ar fud Ghrúpa CIÉ Tacaíocht ó shaineolaithe i leith tuairisciú sonraí, príomhtháscairí feidhmíochta agus bainistíocht láraithe an tuairiscithe
	Athrú a bheith ag teacht ar riachtanais bhonneagair chun teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Measúnachtaí riosca ar thionscadail Measúnú ar riachtanais oiliúna Tá acmhainní breise curtha i bhfeidhm agus tá maoiniú sannta dóibh
	Creimeadh cósta gar do na bealaí atá ann cheana féin	<ul style="list-style-type: none"> Faireachán leanúnach ar riocht an bhonneagair ar fad Obair chothabhála choisctheach agus cheartaitheach déanta Maoiniú sonrath faighte le haghaidh obair thionscadail
Cibearshlándaí	Riosca i dtaobh haiceála, bogearraí mailíseacha nó fiosaiceachta	<ul style="list-style-type: none"> Beartaí agus straitéisí slándála TF i bhfeidhm Bíonn na cibearbheartais faoi réir iniúchtaí rialta a dhéanann tríú páirtí chun féachaint chuige go bhfuil siad stuama Reáchtáil an Grúpa cruinnithe míosúla TF agus teileachumarsáide chun rioscaí agus Comhaontuithe Seirbhíse a athbhreithniú Criptiú gléasanna soghluaiste Oiliúint agus feachtas rialta ar chúrsaí cibearshlándaála atá curtha in oiriúint do ról agus freagrachtaí sonracha Déantar cleachtaí athshlánaíthe mar fhreagairt ar chibeartheagmhais A chinntiú go bhfuil gach socrú cuí slándála i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta agus cothabhála
	Maoiniú chun teicneolaíocht chúloifige a athsholáthar	<ul style="list-style-type: none"> Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí chun aird a dhíriú ar an maoiniú atá de dhíth chun córais a uasghrádú, ionas go ndéanfar a leibhéal slándála a fheabhsú
Airgeadas	Maoiniú neamhleor chun gnó a choinneáil ar bun agus a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí lena chinntiú go dtuigtear go soiléir cén maoiniú atá ag teastáil Cur chuige bainistíochta conartha i leith gach saincheist mhaoinithe faoi Chonarthaí Ollchostais Buiséadú agus réamhaisnéis airgeadais atá ag teacht leis an dea-chleachtas
	Bagairt ar chobhsaíocht airgeadais Ghrúpa CIÉ ón dlíteanas pinsin le sochar sainithe	<ul style="list-style-type: none"> Cur i bhfeidhm an tsocraithe a rinne an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i leith scéim RWS. Síniadh Ionstraimí Reachtúla nua i mí Iúil 2022 agus tá iarraidh faoi Alt 50 fós faoi bhráid an Údarás Pinsean Moltaí na Cúirte Oibreachais a chur i bhfeidhm i leith Scéim Aoisliúntais 1951. Táthar ag fanacht faoi láthair ar thoradh bhreithiúnais Ard-Chúirte, a bhaineann le hoibleagáidí atá ar CIÉ i dtaobh ranníocaíochtaí a dhéanamh
	Téarnamh na seirbhísí tráchtála tar éis phaindeim COVID-19	<ul style="list-style-type: none"> Grúpa feidhmíochta tráchtála a bhunú Feachtais mhargaíochta spriocdhírith Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus lucht maoinithe lena chinntiú go mbeidh lántuiscint acu ar na tionchair fhéideartha agus ar na bearta maolaithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm Athbhreithnithe ar bhealaí, lena n-áirítear taithí na gcustaiméirí, ioncam agus costas Pragsáil dhinimiciúil a chur i bhfeidhm Pleananna teagmhasacha láidre a fhorbairt chun freagairt do ghnéithe airgeadais a bhaineann le géarchéim COVID-19

Catagóir	Riosca	Bearta Maolaithe
Sláinte agus Sábháilteacht	Paindéim Shláinte	<ul style="list-style-type: none"> Tá plean freagartha forbartha agus tá oiliúint curtha ar fhostaithe maidir leis an bplean a chur chun feidhme Faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar chomhairle agus treoirínite ón Rialtas agus ó chomhlachtaí eile Comhordú le Príomhoifigeach Míochaine CIÉ Trealamh cosanta pearsanta a sholáthar ar fud Ghrúpa CIÉ
	Imbhualadh/teagmhas ardluais	<ul style="list-style-type: none"> Tá córais bainistíochta sábháilteachta agus nósanna imeachta i dtaobh oibríocht shábháilte i bhfeidhm Cuirtear oiliúint ar thiománaithe agus soláthraítear oiliúint leanúnach inniúlachta de réir na rialachán Tá beartais tástála le haghaidh drugaí agus alcóil i bhfeidhm Tá córais á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre chun luas a laghdú agus maolú a dhéanamh ar an mbaol go dtarlódh timpiste ag crosairí comhréidhe Iniúchtaí teicniúla rialta ar chrosairí comhréidhe Déantar athbhreithniú agus anailís ar mhórtéagmhais chun ceachtanna a fhoghlaim uathu agus na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm
	Iompraíocht fhrithshóisialta	<ul style="list-style-type: none"> Tá straitéis slándála forbartha Soláthraíodh acmhainní breise slándála ar bhealaí sonracha
Daoine	Dúshlán maidir le bail foirne a choinneáil agus bail foirne nua a earcú	<ul style="list-style-type: none"> Anailís ar bhearnaí chun acmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo a aithint Pleanáil comharbais Feachtais earcaíochta agus laethanta oscailte a réachtáil Freastal ar aontaí earcaíochta
Comhlíonadh	An baol go ngearrfaí fineálacha/pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh na rialachán agus na dtreoracha	<ul style="list-style-type: none"> Oiliúint agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na ceanglais go léir Grúpaí oibre idirchuideachta a bhunú chun rialuithe agus próisis a athbhreithniú agus sonraí fúthu a roinnt

Soláthar

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige lena áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirínite reatha i dtaobh soláthair.

Ní dhearnadh aon orduithe ceannaigh neamhchomhlíontacha dar luach os cionn €25k a phróiseáil in 2022.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht Chreat Bainistíochta Rioscaí gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí Mheán Fómhair 2020 agus beidh an chéad athbhreithniú eile le déanamh in 2023.

Fuarthas go raibh an Cód á chomhlíonadh ag an Eintiteas.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhuú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann an tEintiteas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaítear iad ar an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus na hiniúcháirí seachtracha, an obair a dhéanann CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhníonn an tEintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an Chreata Bainistíochta Rioscaí in 2022 de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Saincheistean a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh caillteanais ábhartha ná i dtaobh calaoisí i leith na bliana 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2022 ná blianta ina diaidh sin, tá an Bord agus an lucht bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile faireacháin agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi conas córas rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Fiosraíonn an tEintiteas gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm go pras ar bhonn na moltaí.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2022.

Comhalta Boird	Ceaptha / Athcheaptha	Téarma in éag	Bord CIÉ	An Coiste Iniúcháir-eachta agus Riosca	An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta	An Coiste Pinsean	Coiste Luacha Saothair an Bhoird	An Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin	An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht
Fiona Ross			7/7	1/1			2/2		3/4
Frank Allen			6/7		6/7				
Jimmy Doran			7/7					4/4	3/3
Brian Fitzpatrick	16/04/2022		7/7	7/7	6/7		2/2	6/6	
Stephen Hannan			7/7			7/7			
Dermot Healy			6/7			5/5			
Miriam Hughes	26/04/2022		5/5		4/4				
Gary Owens	24/05/2022		4/5		4/4				
Niamh O'Regan	16/04/2022		7/7	5/6	7/7	7/7	2/2		
Liam O'Rourke			7/7	7/7		7/7			
Fiona Sweeney	16/04/2022		7/7		7/7	7/7			
Tommy Wynne			7/7					5/6	

Tinreamh ag Cruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe de chuid na nGrúpaí Comhairleacha a tionóladh in 2022.

Comhalta Boird	Ceaptha / Athcheaptha	An Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin	Ceaptha / Athcheaptha	An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht
Fiona Ross				3/4
Brian Fitzpatrick		6/6		
James Doran	06/04/2022	4/4	06/04/2022	3/3
Tommy Wynne		5/6		

Gnóthas Leantach

Mórfhorbairtí ó thaobh Oibríochta de

In 2022, lean an Grúpa ag tacú le geilleagar agus sochaí na hÉireann i gcoitinne agus an tír ag teacht chuici féin as dúshláin phaindéim COVID-19. Trína fhochuideachtaí, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, bhí ríméad ar Ghrúpa CIÉ gur tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí – faoi dheireadh na bliana bhí an líon paisinéirí ar ais ar an leibhéal céanna a bhíodh i gceist roimh an bpaindéim. Leanadh ar aghaidh ag cur leis na seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre agus chuir CIÉ Tours de bliain iomlán oibríochta nuair a d'fhill turasóirí Meiriceánacha ar oileán na hÉireann agus ar chinn scríbe eile san Eoraip.

Éiginnteacht maidir leis an nGeilleagar ar Domhan

Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, géaraíodh roinnt de na rioscaí ginearálta gnó agus chothaigh cuid acu dúshláin don ghnó i rith na bliana. Áiríodh leis sin méadú ar an ráta boilscithe ar fud a lán geilleagar, rud ar spreagadh cuid de mar gheall ar an méadú géar a tháinig ar chostais fuinnimh agus rioscaí a bhaineann le soláthar fuinnimh, go háirithe sa chéad leath de 2022, cé nach raibh rudaí díreach chomh dona sa dara leath den bhliain. Trí bheartais airgeadaíochta ar fud an domhain, táthar ag tabhairt aghaidh ar bhoilsciú méadaithe trí rátaí úis a mhéadú, rud a dhéanann dochar don acmhainn chaiteachais a bhíonn ag gnóthais agus ag tomhaltóirí.

Bhí na margaí cothromais agus bannaí an-luaineach i rith na bliana, agus tháinig méadú géar ar thorthaí bannaí agus laghdú ar luachanna bannaí. Chothaigh sé sin dúshláin sna margaí airgeadais agus chothaigh sé éiginnteacht i dtaobh cúrsaí eacnamaíochta agus luaineacht sa mhargadh.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Bhí barrachas €31m ag an nGrúpa ar Gníomhaíochtaí Tráchtála in 2022, arna spreagadh go príomha ag díol na talún forbraíochta ag Duga Spencer. Fuarthas suim €26m tar éis cánach i leith na talún sin. Le hathoscailt an mhargaidh Turasóireachta rinne CIÉ Tours brabús thart ar €8m agus rinne Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann brabús beag ar na gníomhaíochtaí tráchtála freisin.

Cé gur easnamh foriomlán a tabhaíodh i leith ghnó Expressway Bhus Éireann, fuarthas tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, tacaíocht a cuireadh ar fáil d'oibreoirí bus tráchtála go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022, agus ba thábhachtach an beart é sin i leith na gníomhaíochta tráchtála sin i rith na bliana.

Tá an Buiséad do 2023 i ndáil le Gníomhaíochtaí Tráchtála socraithe ar leibhéal sa chaoi is nach ndéanfaidh an Grúpa brabús ná cailteanas. Tá an Bord deimhin de go bhfuil a dhóthain acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnóthais agus iad ag teacht chucu féin.

Seirbhísí OSP

Ar feadh 2022, rith Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ) seirbhísí iompair phoiblí thar ceann an Údarás Náisiúnta Iompair ar bhonn conradh ollchostais. Faoi na conarthaí sin bailíonn Bus Átha Cliath agus Bus Éireann na táillí paisinéirí thar ceann an Údarás Náisiúnta Iompair agus cúitítear iad as costas na seirbhísí a sholáthraítear.

Bhí dúshláin mhóra fós ann i dtaobh na hearcaíochta i rith 2022, go háirithe do na cuideachtaí bus, agus gearradh pionóis faoi na Conarthaí Dírdhámhachtana dá mbarr. Tá mórfheachtais ar bun chun tiománaithe bus a earcú ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin i gcomhair 2023.

Comhaontaíodh pleananna seirbhíse i leith 2023 leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus soláthróidh an tÚdarás an cistiú is gá chun freastal ar chostais chomhaontaithe na bpleananna sin.

In 2022, ba ar bhonn glanchostais fós a bhí Iarnród Éireann ag feidhmiú a chonartha leis an Údarás Náisiúnta Iompair, mar a bhí amhlaidh roimhe sin. Tá an difríocht idir ioncam ó na boscaí táillí agus costas comhaontaithe na n-oibríochtaí á soláthar ón Státchiste, tríd an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh, tosóidh Iarnród Éireann ag feidhmiú ar bhonn ollchonartha.

Seirbhísí Iompair Scoile

Bainistíonn Bus Éireann soláthar na Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit.

I rith 2022, tháinig méadú mór ar líon na bpáistí a bhain leas as na seirbhísí iompair scoile agus chuir an Roinn Oideachais maoiniú breise ar fáil chun cur leis na seirbhísí sin ionas go bhféadfaí freastal orthu seo a leanas:

- Méadú nach bhfacthas a leithéid roimhe seo ar an éileamh ar sheirbhísí príomhshrutha mar gheall ar an gcinneadh a rinne an Rialtas táillí iompair scoile a tharscaoileadh don scoilbhliain 2022/23. Tháinig méadú 20% ar líon na ndaltaí a thaistealaíonn ar sheirbhísí príomhshrutha iompair scoile i gcomparáid le deireadh na scoilbhliana 2021/22.

- An méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Soláthar seirbhísí iompair scoile do pháistí ón Úcráin, a raibh beagnach 4,000 acu ag baint leas as seirbhísí iompair faoi dheireadh 2022.

Leachtacht

Tá iarmhéid airgid €318 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2022.

Tá comhaontú saoráide baincéireachta geallta ag an nGrúpa go dtí mí Eanáir 2025. Faoin gcomhaontú saoráide sin is ionann iasacht an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2022 agus €12 mhilliún. Déanfar an iasacht sin a amúchadh thar thréimhse trí bliana. Is é €80 milliún an méid neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Measann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoin gcomhaontú ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

AWAITING SIGNOFF

Fiona Ross

Cathaoirleach

AWAITING SIGNOFF

Liam O'Rourke

Comhalta Boird

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Ceanglaíonn reachtaíocht ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Eintitis agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeán sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeán sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochtta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

AWAITING SIGNOFF

Fiona Ross

Cathaoirleach

AWAITING SIGNOFF

Liam O'Rourke

Comhalta Boird

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha

Don Aire Iompair i Leith Chóras Iompair Éireann

Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Córas Iompair Éireann (“an Eintiteas”) agus a fhochuideachtaí (“an Grúpa”) don bhliain ag críochnú 31 Nollaig 2022 a chuimsíonn, an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais; an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe Eintitis agus Comhdhlúite; an Ráiteas Comhdhlúite agus Eintitis um Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i Nóta 1. Is iad an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102) an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm á n-ullmhú.

Is é ár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar thoradh an Ghrúpa don bhliain dar críochnú ansin;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir FRS 102;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Eintitis i gceart de réir FRS 102 mar a cuireadh i bhfeidhm iad le forálacha an Achta Iompair 1950; agus
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Eintitis i gceart de réir FRS 102 mar a cuireadh i bhfeidhm iad le riachtanais an Achta Iompair 1950

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid Na freagrachtaí atá ar an Iniúcháirí maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn. Táimid neamhspleách ar an Eintiteas agus ar an nGrúpa de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúid a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na Comhaltaí Boird ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Eintitis agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Comhaltaí Boird maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo

Faisnéis eile

Is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ, seachas na ráitis airgeadais agus tuairiscíúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhairthe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairiscíú againn i ndáil leis sin.

Freagrachtaí faoi seach

Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird i dtaca le na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus bheith sásta go dtugann siad léargas fíorcheart, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Comhaltaí Boird freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Eintiteas agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag an bhainistíocht an Eintiteas nó an Ghrúpa a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin an IAASA ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchára.

Rialála eile nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtais'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca le sin.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Déantar an tuarascáil seo don Aire Iompair amháin de réir Alt 34 (3) den Acht Iompair 1950. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe seo a chur in iúl dúinn don Aire i dtuarascáil iniúchára agus chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid freagracht ar aon duine seachas an tEintiteas agus an tAire, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.



Tommy Doherty

Ar son agus thar a cheann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúcháireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair
Bloc 3
Baile Átha Cliath 2

7 Meitheamh 2023

Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Ioncam ó oibríochtaí	3	656,173	449,007
Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	12	633,458	574,847
Cistiú eile ón Stát	12	175,811	161,291
Deontais ioncaim eile	12	27,142	113,268
Ioncam iomlán	3	1,492,584	1,298,413
An párolla agus costais ghaolmhara	5	(752,028)	(704,120)
Costais ábhar agus seirbhísí	6	(756,836)	(620,943)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		(1,508,864)	(1,325,063)
TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla		(16,280)	(26,650)
Míreanna eisceachtúla	7	(904)	3,408
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil	8	(20,971)	(20,893)
Brabús/(Cailteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	9	34,144	(128)
(Easnamh)/brabús oibriúcháin an Ghrúpa roimh ús agus cáin		(4,011)	(44,263)
Ús infhála agus ioncam dá shamhail	10	563	-
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	10	(11,655)	(8,266)
Glanchostas úis		(11,092)	(8,266)
Easnamh don bhliain roimh cháin		(15,103)	(52,529)
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	11	(12,673)	(364)
Easnamh don bhliain		(27,776)	(52,893)

Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Easnamh don bhliain		(27,776)	(52,893)
Ioncam cuimsitheach eile:			
Atomhas na ndliteanas sochar iarscoir	25	508,089	187,730
Fálú ar an sreabhadh airgid			
- Athaicmiú sa chuntas brabúis agus cailteanais		(13,579)	6,559
- Athrú ar luach na n-ionstraimí fálaithe		10,454	15,001
- Gnóthachan/(cailteanas) Malartán Eachtrach Neamhréadaithe		(413)	(2,155)
- Gluaiseachtaí cuimsitheacha ioncaim eile		-	(533)
		(3,538)	18,872
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ar cháin		504,551	206,602
Ioncam cuimsitheach iomlán i leith na bliana		476,775	153,709

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	14	20,146	19,212
Sócmhainní seasta inláimhsithe	15	2,701,266	2,578,637
		2,721,412	2,597,849
Sócmhainní reatha			
Fardail	17	74,096	69,425
Féichiúnaithe	18	400,575	269,381
Airgead sa bhanc agus ar láimh		330,056	253,946
		804,727	592,752
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	19	(941,893)	(757,119)
Glandliteanas reatha		(137,166)	(164,367)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha		2,584,246	2,433,482
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(10,566)	(13,737)
Ioncam iarchurtha	23	(2,195,780)	(2,065,025)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	22	(195,263)	(198,892)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	25	(396,496)	(846,462)
Glansócmhainní/(Glandliteanas)		(213,859)	(690,634)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais		(254,926)	(731,701)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(213,859)	(690,634)

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirleáin

Athbhreithniú

Ráitis Airgeadais

Clár Comhardaithe Eintiteas CIÉ

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	14	915	1,008
Sócmhainní seasta inláimhsithe	15	872,872	840,900
Sócmhainní airgeadais	16	359,255	359,255
		1,233,042	1,201,163
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	18	22,344	22,912
Airgead sa bhanc agus ar láimh		325,355	245,927
		347,699	268,839
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	19	(529,468)	(473,738)
Glandliteanas reatha		(181,769)	(204,899)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha		1,051,273	996,264
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(10,566)	(12,231)
Ioncam iarchurtha	23	(624,035)	(593,313)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	22	(3,382)	(3,447)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	25	(396,496)	(846,462)
Glansócmhainní/(Glandliteanas)		16,794	(459,189)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais		(24,273)	(500,256)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		16,794	(459,189)

Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothroimas

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

	Cúlchiste caipitil €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Airleacain Stáit neamh- inaisíoctha €000	Cothroimas iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	28,556	(885,410)	12,511	(844,343)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(52,893)	-	(52,893)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	206,602	-	206,602
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	153,709	-	153,709
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	28,556	(731,701)	12,511	(690,634)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	28,556	(731,701)	12,511	(690,634)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(27,776)	-	(27,776)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	504,551	-	504,551
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	476,775	-	476,775
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	28,556	(254,926)	12,511	(213,859)

Ráiteas um Athruithe ar Chothromas i gcás Eintiteas CIÉ

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

	Cúlchiste caipitil €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Airleacain Stáit neamh- inaisíoctha €000	Cothromas iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	28,556	(649,944)	12,511	(608,877)
Wasnamh don bhliain airgeadais	-	(55,977)	-	(55,977)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	205,665	-	205,665
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	149,688	-	149,688
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	28,556	(500,256)	12,511	(459,189)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	28,556	(500,256)	12,511	(459,189)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(27,631)	-	(27,631)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	503,614	-	503,614
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	475,983	-	475,983
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	28,556	(24,273)	12,511	16,794

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	24	75,940	22,330
Cáin ioncaim a íocadh		(9,757)	(276)
Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		66,183	22,054
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe		(469,254)	(401,064)
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe		(9,067)	(8,412)
Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		34,144	(128)
Fáltas ó dheontais Stáit agus deontais ón Aontas Eorpach		459,312	376,590
Ús faighte		563	-
Airgead glan arna ghiniúint ó/(arna úsáid sna) gníomhaíochtaí infheistíochta		15,698	(33,014)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Aisíocaíocht iasachtaí bainc		(4,000)	(4,000)
Ús íoctha		(1,608)	(2,188)
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe		(5,608)	(6,188)
Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid		76,273	(17,148)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		253,783	270,931
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		330,056	253,783
Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		330,056	253,946
Rótharraingtí bainc		-	(163)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		330,056	253,783

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite Chóras Iompair Éireann ('CIÉ') ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Is é CIÉ údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

(A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais áirithe a thomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanas.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear freisin go ndéanfadh na Comhaltaí Boird breithiúnas agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (W) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí nochta áirithe d'eintiteas incháilithe, faoi réir coinníollacha áirithe, ar comhlíonadh iad, lena n-áirítear fógra a thabhairt do scairshealbhóirí an eintitis i leith na ndíolúintí agus gan aon agóid ina gcoinne a bheith ag na scairshealbhóirí.

Bhain CIÉ, an tEintiteas, leas as an díolúine ó ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú, ar an mbonn gur eintiteas incháilithe é, agus foláionn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá ina chuid de na ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid an Eintitis, sa mhéid is gur tharla sreabhadh airgid idir an t-Eintiteas agus páirtithe lasmuigh den Ghrúpa.

Níor chuir CIÉ i láthair cuntas brabúis agus cailteanas (Ráiteas Ioncaim) an mháthaireintitis, ar an mbonn gurb é an cleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn i gcás grúpaí é díolúine faoi Dhlí na gCuideachtaí a ghlacadh maidir le Ráiteas Ioncaim a chur i láthair. Cé nach bhfuil aon díolúine shonrach san Acht Iompair, 1950, ghlac an Grúpa an seasamh sin ar an mbunús nach mór na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach ag an Aire.

(B) Bunús an Chomhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais CIÉ agus a chuid fochuideachtaí:

- Iarnród Éireann – Irish Rail
- Bus Éireann – Irish Bus
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus
- CIÉ Tours International Incorporated

Tá deireadh thréimhse airgeadais na bhfochuideachtaí go léir ag teacht le deireadh thréimhse airgeadais CIÉ. Fochuideachtaí is ea na heintitis go léir ar féidir le CIÉ a mbeartais airgeadais agus oibriúcháin a rialú, rud a thagann de ghnáth le scairsheilbh arb ionann í agus níos mó ná leath na gceart vótála.

(C) Airgeadra Eachtrach**(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe**

Is é an euro airgeadra feidhmiúil CIÉ agus gach ceann dá fhochuideachtaí agus is é an euro airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa, arna ainmniú ag an tsiombail “€”. Mura luaitear a mhalaire, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi ‘ús infhála agus ioncam dá shamhail’ nó ‘ús iníochta agus muirir dá shamhail’ mar is cú. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi ‘costais ábhar agus seirbhísí’.

(D) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear an t-ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar gach ceann de na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim.

Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse an táirge ábhartha. Aithnítear ticéid bhliantúla Tax saver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain a mbaineann an táirge leo. Aithnítear aon lamháltais nó scéimeanna in aisce de réir théarmaí na scéime lamháltais. Ní aithnítear aon ioncam le linn tréimhsí in aisce.

Aithnítear an t-ioncam lasta agus an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid gur aithníodh costais iomchuí a tabhaíodh atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

Tagann ioncam CIÉ Tours International Incorporated ó sholáthar seirbhísí arna dtairiscint lena n-áirítear Turais sceidealta, grúpaí agus Taisteal Coigríche Neamhspleách. Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas maidir le soláthar na seirbhísí arna dtairiscint agus aithnítear é nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

Conradh um Ollchostas

Ó 1 Eanáir 2021, taifeadann Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ioncam faoin gconradh dámhachtana dírií pso ar bhonn ollchostais. Príomhcheanglas faoin gconradh pso is ea aitheantas ioncaim conartha ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Dáiltear gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Tax saver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair poiblí ar an ÚNI agus ní aithnítear a thuilleadh é i gcuntas brabúis agus cailteanais Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann. Cuireann Bus Átha Cliath agus Bus Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh pso, a n-íoctar tréimhse riaráistí amháin ina leith. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbeartas cuntasaíochta d'íocaíocht pso leagtha amach i bpolasaí (e) íocaíochtaí Eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí (pso).

(E) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais eile ón Státchiste

Aithníonn an Grúpa deontais Rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhráithe faoi FRS 102.

(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

(ii) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais Ioncaim

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus cailteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh. Aithnítear fóirdheontais i leith na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra sa bhrabús agus sa chailteanas ag an am céanna leis an gcaiteachas gaolmhar agus a bhfuil deontas beartaithe mar chúiteamh air.

(iv) Deontas Conartha Ilbhliantúil i dtaobh Bainistíocht Bonneagair

Aithnítear deontais mar ioncam iarchurtha nó aithnítear láithreach iad mar ioncam sa chuntas brabúis agus cailteanais, trí thagairt don bhonngníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena chúiteamh. Na deontais chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

(F) Costais Ábhar agus Seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí an Ghrúpa ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus cailteanais, agus tá tuilleadh sonraí ina leith i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(G) Costais Eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann an Bord nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Grúpa go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú, úsáideann an Bord idir bhreithiúnas cáilíochtuil agus bhreithiúnas cainníochtuil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(H) Ús

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadas an Ghrúpa:

- ioncam úis;
- costas úis;
- an gnóthachan nó an cailteanas ó aistriú airgeadra eachtraigh ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanas airgeadais;
- an gnóthachan nó an cailteanas glan ar ionstraimí fálaithe arna n-aithint sa bhrabús agus sa chailteanas; agus
- athrangú na méideanna a bhaineann le fálú ar shreabhadh airgid a aithníodh roimhe seo san ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear ioncam úis nó costas úis trí mhodh an ghlanráta úis. Lena chois sin déantar leachtú na lascainí ar sholáthairtí agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe a chur de mhuirear ar na costais airgeadais.

(I) Cáin Ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus cailteanas nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanas cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le hóc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó beagnach achtaithe faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanas chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

(J) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Nochtann Grúpa CIÉ idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

(K) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus cailteanas lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

(L) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha. Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar na hinnill traenach (seachas iadsan atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na ráilcharranna, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhliú, ar feadh a saol úsáidigh tuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

(iv) Feithiclí lasta bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(v) Talamh agus foirgnimh

Áirítear le talamh agus foirgnimh talamh agus foirgnimh ruíse, ionaid mhiondíola agus oifigí. Déantar talamh agus foirgnimh a thabhairt anonn ar a gcostas (nó ar a gcostas measta más talamh nó foirgnimh atá i gceist a ndearnadh athluacháil orthu roimhe seo faoi ngnáthchleachtas cuntasaíochta) lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha.

Tá maoine áirithe laistigh den ghrúpa ar maoine úsáide ilchineálaí iad toisc go bhfaigheann an Grúpa ioncam incriminteach as ucht aonaid mhiondíola sna stáisiúin a ligean ar cíos le tríú páirtithe agus ioncam cíosa ar mhaoine áirithe eile nach mbaianeann an Grúpa lán-úsáid astu. Ós rud é nach féidir luach cóir chomhpháirte na maoine infheistíochta a thomhas go hiontaoifa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí a bheith i gceist, áfach, cuirtear na maoine ar fad san áireamh i gcáil mhaoine, gléasra agus trealamh de réir Alt 17 de FRS 102.

(vi) Droichid, dugáí, cuanta agus calaí, comharthaíocht, gléasra agus innealra agus trealamh lónadóireachta

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(vii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

Línte agus oibreacha iarnróid	modh an mhéid chothroim	10-40 bliain
Droichid	modh an mhéid chothroim	120 bliain
Rothstoc iarnróid	modh an mhéid chothroim	4-20 bliain
Feithiclí paisinéirí bóthair	modh an chéatadáin laghdaithigh	8-14 bliain
Busanna scoile	modh an mhéid chothroim	8-14 bliain
Feithiclí lasta bóthair	modh an mhéid chothroim	1-10 bliain
Foirgnimh ruilse	modh an mhéid chothroim	os cionn 50 bliain
Gléasra agus innealra	modh an mhéid chothroim	3-30 bliain
Comharthaíocht	modh an mhéid chothroim	10 bliain
Dugaí, cuanta agus céanna	modh an mhéid chothroim	os cionn 50 bliain
Trealamh lónadóireachta	modh an mhéid chothroim	5-10 bliain

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(viii) Breiseanna agus comhphárteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Ghrúpa agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaoifa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhphárte ionaid. Caitear le comhphárteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhúirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanas de réir mar a thabhaítear iad.

(ix) Dí-aithint

Déantar sócmhainní seasta inlámhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa bhrabús nó sa chailteanas.

M) Sócmhainní Oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag an nGrúpa, feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Déantar na sócmhainní sin a chothabháil ar mhaithe le heolas agus cultúr amháin agus is sócmhainní oibriúcháin a bhí i gceist lena bhformhór tráth.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchoimparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Dá bhrí sin, is luach nialais atá ag na sócmhainní sin i dtaobh tuairiscíú airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

(N) Lagú na Sócmhainní Neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús agus caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (níl feidhm ag cúiseanna an chaillteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh cinnte (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabús agus caillteanais.

(O) Sócmhainní Airgeadais

Déantar infheistíocht CIÉ i bhfochuideachtaí a thabhairt anonn ar a costas stairiúil lúide caillteanais lagaithe charntha.

(P) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus costas láimhseála atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thairfeadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den 'stoc gluaiseachta' ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórpháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

(Q) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoh le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

(R) Ionstraimí Airgeadais

Roghnaigh an Grúpa forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an nGrúpa lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltais sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús agus caillteanas. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascaíniú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) ar aistriú rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dlíteanais Airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dlíteanais airgeadais bunúsach ar an nGrúpa, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dlíteanais airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó fhochuideachtaí, agus dlíteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, faoi mhodh an ghlanráta úis.

I gcás táillí ar bhunú saoráidí iasachta, aithnítear iad mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas. Sa chás sin, cuirtear an táille siar go dtí go dtarraingeofar anuas an iasacht. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas, áirítear an táille mar réamhíocaíocht i leith seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann sí.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte ó sholáthraithe i ngnáthchúrsa an ghnó. Tá na creidiúnaithe trádála dlite laistigh d'aon bhliain amháin mura bhfuil sé de cheart neamhchoinníollach ag an ngrúpa an íocaíocht a chur siar ar feadh ar a laghad 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dlíteanais a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

(iii) Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Gníomhaíochtaí Fálaithe

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, lena n-áirítear babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtarraí.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar Conradh díorthach agus déantar iad a thomhas arís ina dhiaidh sin ar a luach cóir.

Cuireann an Grúpa cuntasáocht fálaithe i bhfeidhm i gcás babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtarraí, agus ainmnítear na díorthaigh sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Aithnítear sa chothromas codanna éifeachtacha na n-athruithe ar luachanna cóir na ndíorthach atá ainmnithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus a cháilíonn amhlaidh. Déantar an gnóthachan nó an cailteanas a bhaineann le haon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa chuntas brabúis nó cailteanas.

Déantar méideanna arna gcarnadh sa chúlchiste fálaithe a áireamh arís sa chuntas brabúis nó cailteanas sna tréimhsí ina mbeidh tionchar ag na míreanna fálaithe ar bhrabús nó cailteanas (mar shampla nuair a tharlóidh an ceannach tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith). Má bhíonn sé ina thoradh ar idirbheart tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais (fardal, mar shampla) nó dliteanas, déantar na gnóthachain agus na cailteanas a iarchuireadh roimhe sin sa chúlchiste fálaithe a aistriú ón gcúlchiste agus cuirtear san áireamh iad sa mheastóireacht bhunaidh ar chostas na sócmhainne nó an dliteanas.

Sa chás ina dtéann ionstraim fálaithe in éag nó ina ndíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú a thuilleadh na critéir le haghaidh cuntasáocht fálaithe, fágfar sa chúlchiste aon gnóthachan nó cailteanas carnach atá sa chúlchiste fálaithe an tráth sin, agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart tuartha ar deireadh sa chuntas brabúis nó cailteanas. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart tuartha, déantar an gnóthachan nó an cailteanas carnach a tuairiscíodh san ioncam cuimsitheach eile a aistriú láithreach chuig an gcuntas brabúis nó cailteanas.

(S) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanas atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha gur gá sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach láithreach an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanas, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh cailteanas oibriúcháin sa todhcháil.

(T) Dlíteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dlíteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaoфа ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dlíteanais theagmhasacha iad. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

(U) Sócmhainní Léasaithe

(i) Léasanna Airgeadais

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus cailteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, faoi mhodh an ghlanráta úis, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

(ii) Léasanna Oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(V) Sochair Fostaithe

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearach agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

Sochair Iarfhostaíochta

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascaíú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaíne').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhorhmór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

Is éard atá i gcostas na bpleananna sochair shainithe, a aithnítear sa bhrabús agus sa chaillteanas, ach amháin i gcás ina n-áirítear iad i gcostas sócmhainne:

- (a) an méadú ar ghlandliteanas sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhísí fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus
- (b) An costas a bhaineann le pleán a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanas sochar sainithe tríd an nglanliteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaíne (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglanliteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus caillteanas mar 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus caillteanas achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thiomhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa ghlanchoistas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar an nglanliteanas sochar sainithe leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-íomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

(W) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasaíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímhéasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad achtúirí na scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na hÍocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanas arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair infíochta á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhair, agus de bharr athruithe ar thiomhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanas pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margaí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dliteanas pinsean amach anseo a luacháil.

(iii) Soláthairtí le haghaidh dliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íochta ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (U). Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (E).

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair de réir Suntasacha Rinneadh Polasaí Cuntasaíochta (L) sna blianta airgeadais 2017 go 2019 a dhí-aithint i 2020 agus aithnítear anois iad de réir an Bheartais Chuntasaíochta Shuntasach (U).

(v) Ticéid bhliantúla Tax saver

Cuimsíonn aitheantas ioncaim ticéad bliantúil Tax saver de réir threoirínte CSíneadh Saor in Aisce Tax saverS NTA síneadh ticéad saor in aisce aon mhí amháin a bhfuil sé mar aidhm aige faoiseamh a sholáthar do chustaiméirí Tax saver a mbíonn tionchar ag bearta frithdhúnadh paidéime COVID-19 orthu a chuir srian ar rochtain na bhfostaithe ar a ngnátháit oibre. Dá bhrí sin tá cinneadh déanta ag an nGrúpa gan ioncam ó Tax saver a aithint le linn na tréimhse saor in aisce atá sé mhí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Gnóthas Leantach

Ionchorpraíonn aitheantas ioncaim bliantúil ticéad coigilteas cánach tar éis threoirínte “Síneadh Sábhála Cánach Saor in Aisce” an NTA síneadh ticéad saor in aisce 6 mhí aonuaire a bhfuil sé mar aidhm aige faoiseamh a sholáthar do chustaiméirí coigilteas cánach a ndeachaigh bearta glasála paindéime COVID-19 i bhfeidhm orthu a chuir srian ar fhostaithe.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2022 Grúpa CIÉ ar bhonn gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Ghrúpa agus ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Measúnú

Tá mionbhreithniúchán déanta ag an Bhord ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh agus tá sé sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2021 ar an bhonn seo. I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

Stad Airgeadais ag 31 Nollaig 2022

Ag 31 Nollaig 2022, bhí glandhliteanais de €214 milliún (2021: €691 milliún) agus glandhliteanais reatha de €137 milliún (2021: €164 milliún) ag an Ghrúpa. Tá míreanna neamhairgid de €564 milliún (2021: €426 milliún) san áireamh i nglandhliteanais reatha a bhain le hioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil agus ioncam iarchurtha, deontais caipitil nach bhfuil gealltanais airgid tirim i gceist leo agus úsáidtear iad de réir dímheas na sócmhainne. Mar sin, gan na míreanna neamhairgid seo san áireamh, tá glanshocmhainní reatha de €427 milliún (2021: €262 milliún) ag an Ghrúpa. Tá dliteanais i dtaca le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €396 milliún (2021: €846 milliún) agus ioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil a fuarthas de €2,390 milliún (2021: € 2,260 milliún) san áireamh i nglandhliteanais an Ghrúpa.

Leachtacht

Tá iarmhéid €318 milliún de airgead tirim ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2022.

Tá comhaontú áise bainc ar leith déanta ag an Ghrúpa go dtí Eanáir 2025. Is €12 milliún isachtaíocht an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2022 faoin comhaontú áise seo. Amúchtaíonn an iasacht seo thar tréimhse trí bliana. Is €80 milliún an tsuim neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi áis creidmheasa imrothlaigh ar leith an Ghrúpa.

Tá bainistíocht ag súil fo leanfaidh an Ghrúpa ag comhlíonadh a ndualgais faoin comhaontú do thréimhse atá ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Forbairtí Suntasacha Oibriúcháin

In 2022, lean an Grúpa ag tacú le geilleagar agus sochaí na hÉireann i gcoitinne de réir mar a tháinig sé chun cinn ó na dúshláin a d'eascair as paindéim COVID -19. Trína fhochuideachtaí Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann bhí áthas ar Ghrúpa CIÉ an fás ar phaisinéirí a fheiceáil, a raibh líon na bpaisinéirí réamh-phaindéime bainte amach acu faoi dheireadh na bliana. Lean seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre ag leathnú agus d'fhill CIÉ Tours ar bhliain iomlán d'oibríochtaí agus d'fhill turasóirí Meiriceánacha ar oileán na hÉireann agus ar chinn scríbe Eorpacha eile.

Éiginnteachtaí Eacnamaíocha Domhanda

Mhéadaigh an cogadh san Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, roinnt rioscaí ginearálta gnó, ar dhúshláin ghnó cuid acu i rith na bliana. Áiríodh leis sin méadú ar bhoilsciú ar fud go leor geilleagar, arna spreagadh go páirteach ag méadú géar ar chostais fuinnimh agus rioscaí a bhaineann le soláthar fuinnimh, go háirithe sa chéad leath de 2022, cé go raibh sé ag laghdú beagán sa dara leath den bhliain. Tá beartais airgeadaíochta ar fud an domhain tar éis bogadh chun aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú méadaithe trí rátaí úis a mhéadú a théann i bhfeidhm ar chumas caiteachais do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

Tá luaineacht shuntasach feicthe ag margáí cothromais agus bannaí i rith na bliana, le méadú géar ar thorthaí bannaí agus laghdú ar luachanna bannaí. Mar thoradh air seo tá dúshlán sna margáí airgeadais agus leanúint ar aghaidh le héiginnteachtaí eacnamaíocha agus luaineacht an mhargaidh.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Bhí barrachas €31m ag an nGrúpa ar ghníomhaíochtaí Tráchtála in 2022 arna thiomáint go príomha ag díol talún forbartha ag Duga Spencer a raibh toradh iarchánach c.€26m air. Nuair a athosclaíodh an margadh Turasóireachta bhí toradh ar bhrabús do CIÉ Tours de c.€8m agus bhí brabús tráchtála measartha ina ngné do Bhus Átha Cliath agus do Iarnród Éireann araon.

Bhain gnó Expressway Bhus Éireann agus easnamh foriomlán don bhliain á thuairisciú aige tairbhe freisin as tacaíochtaí NTA a cuireadh ar fáil d'oibreoirí bus tráchtála suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022 agus ba phríomhthacaíocht é seo don ghníomhaíocht tráchtála seo sa bhliain.

Tá an Buiséad do 2023 maidir le gníomhaíocht Tráchtála socraithe ag seasamh sáraitheach don Ghrúpa. Tá an Bord sásta go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnóthaí trína dtéarnamh.

Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Le linn 2022, d'oibrigh Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ) seirbhísí iompair poiblí ar son an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) ar bhonn comhchonartha costais. Faoi na gconarthaí seo bailíonn BÁC agus BÉ ioncam paisinéirí thar ceann an NTA agus aisíoctar iad ar leithligh as costas na seirbhísí a solathraíodh.

Mar thoradh ar dhúshlán shuntasacha earcaíochta le linn 2022, go háirithe do na cuideachtaí bus, gearradh pionóis faoi na Conarthaí um Dhámhachtain Dhíreach. Tá feachtais mhóra earcaíochta tiománaithe busanna ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo do 2023.

Aontaíodh pleananna seirbhíse do 2023 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe is gá chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc.

Lean Iarnród Éireann ag oibriú a chonartha leis an NTA ar bhonn conartha glanchostais i 2022. Tá maoiniú ar an difríocht idir ioncam ó bhosca táillí a thuilltear agus costas comhaontaithe na n-oibríochtaí á sholáthar tríd an NTA ón Stáchtiste.

Ó Eanáir 2023 tosóidh Iarnród Éireann ag feidhmiú ar bhonn ollchonartha.

Seirbhísí Iompair Scoile

Banistíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit.

Le linn 2022, tháinig méadú suntasach ar líon na leanaí a bhain leas as iompar scoile agus chuir an Roinn Oideachais maoiniú breise ar fáil chun seirbhísí a mhéadú chun freastal ar:

- Méadú gan fasach ar an éileamh ar sheirbhísí Príomhshrutha mar thoradh ar chinneadh an Rialtais táillí iompair scoile a tharscaoileadh don scoilbhliain 2022/23, le méadú 20% ar dhaltaí ag taisteal ar sheirbhísí Príomhshrutha iompair scoile i gcomparáid le deireadh na scoilbhliana 2021/22.
- An méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Soláthar seirbhísí iompair scoile do leanaí na hÚcráine le beagnach 4,000 ag baint leasa as iompar faoi dheireadh 2022.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Gnóthas Leantach (ar lean)

Bliain Airgeadais 2023

Leanann an Grúpa CIÉ ag oibriú seirbhísí PSO de réir na gConarthaí bunúsacha. Cheadaigh an Bord Buiséad an Ghrúpa do 2022 i mí na Nollag 2022.

Téann CIÉ isteach in 2023 le seasamh láidir leachtach airgid, táthar ag tuar go laghdóidh leachtacht i rith 2023 de réir mar a thagann an difríocht dhearfach uainiúcháin sreafa airgid a tharla in 2022 a cheaptar a thiocfaidh chun críche le linn 2023 agus de réir mar a leanann CIÉ ag maoiniú cláir riachtanacha caipitil. Tá CIÉ ag tuar go leanfar le leachtacht dhearfach go dtí 2024.

Le linn 2022, chuir an Grúpa a dhréachtphlean rollach cúig bliana faoi bhráid na Roinne Iompair ina mbeartaítear fás leanúnach a dhéanamh ar sholáthar iompair phoiblí sa mheántearma agus téarnamh a dhéanamh ar bhrabúsacht fhoriomlán ár n-oibríochtaí tráchtála.

Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht an Ghrúpa ag líon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an Roinn agus an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana
- dlúthfhaireachán ar threochtaí eacnamaíocha agus ar thionchar na neamhchinnteachtaí eacnamaíocha domhanda ar gníomhaíochtaí gnó na cuideachta
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud an Ghrúpa
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmeasúnuithe ar mholtaí infheistíochta caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht agus spriocanna inbhaunaitheachta
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí an Ghrúpa.

Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag an mBord go maybe acmhainní leordhóthanacha ag an Ghrúpa gus CIÉ le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

3. Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Incorporated.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

	CIÉ CIÉ €000	CIÉ Inter- national Tours €000	Bus Átha Cliath €000	Bus Éireann €000	Iarnród Éireann €000	Iomlán 2022 €000	Iomlán 2021 €000
Gnóthas iarnróid	-	-	-	-	171,768	171,768	102,477
Rannóg lasta	-	-	-	-	4,830	4,830	3,619
Calafort Ros Láir	-	-	-	-	12,887	12,887	9,919
Seirbhísí iarnróid eile	-	-	-	-	34,625	34,625	28,061
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí							
- Cathair Bhaile Átha Cliath	-	-	5,383	-	-	5,383	1,541
- Seirbhísí eile	-	-	-	338,003	-	338,003	288,728
Turais	-	87,988	-	-	-	87,988	14,004
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó	26,371	-	-	-	-	26,371	19,803
Ioncam idirghrúpa	(25,682)	-	-	-	-	(25,682)	(19,145)
Ioncam ó oibríochtaí	689	87,988	5,383	338,003	224,110	656,173	449,007
Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'):							
Ioncam OSP (Nóta 12)	-	-	303,263	163,926	166,269	633,458	574,847
Deontais eile ón Stáitchiste (Nóta 12)	-	-	-	-	175,811	175,811	161,291
Deontais ioncaim (Nóta 12)	754	-	1,474	8,565	16,349	27,142	113,268
Ioncam iomlán	1,443	87,988	310,120	510,494	582,539	1,492,584	1,298,413

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Costais an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

	2022	2021
	€000	€000
Cistiú Bonneagair		
Conradh Ilbhliantúil	175,439	161,276
Muirir rochtana rianta	71,108	72,366
Maoiniú Státchiste eile	10,695	8,628
Ioncam tríú páirtí	29,562	23,783
Ioncam iomlán	286,804	266,053
An párolla agus costais ghaolmhara	(124,416)	(119,417)
Ábhair agus seirbhísí	(162,050)	(141,607)
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil	(3,885)	(3,916)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(290,351)	(264,940)
TRÚCDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla	(3,547)	1,113
Costais eisceachtúla	(484)	(538)
Brabús/(Cailteanas) ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe	146	(130)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús	(3,885)	445
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(128)	(466)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí	(4,013)	(21)

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara

	2022 €000	2021 €000
Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)		
Pá agus tuarastail	611,150	565,253
Costais leasa shóisialaigh	60,144	55,795
Costais eile a bhaineann le sochar scoir	108,658	107,849
	779,952	728,897
Obair dhílis chaipitlithe	(28,380)	(25,258)
Glanchoistais foirne	751,572	703,639
Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird		
– i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird	213	219
– i leith seirbhísí feidhmiúcháin	243	262
Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird	456	481
Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar	752,028	704,120

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €28.4 milliún (2021: €25.3 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus tá €752.0 milliún (2021: €704.1 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus cailteanais.

San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

	2022 €000	2021 €000
Tuarastal	477,033	455,558
Ragobair	37,351	23,240
Liúntais	96,766	86,455
	611,150	565,253

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

	2022	2021
€50,001 go €75,000	4,890	4,260
€75,001 go €100,000	712	802
€100,001 go €125,000	116	113
€125,001 go €150,000	45	36
€150,001 go €175,000	15	16
€175,000 go €200,000	8	15
€200,001 go €225,000	7	3
€225,001 go €250,000	1	2
€250,001 go €275,000	-	-
€275,000 go €300,000	1	-

Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

	2022 €000	2021 €000
Comhalta Boird		
Fiona Ross (Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin)	31,500	31,500
Frank Allen	21,600	21,600
Ultan Courtney	-	20,048
James Doran	15,750	1,312
Brian Fitzpatrick	15,750	15,750
Denise Guinan	-	14,438
Stephen Hannan	15,750	15,750
Dermot Healy	15,750	1,312
Miriam Hughes	20,475	-
Aidan Murphy	-	20,048
Tom O'Connor	-	14,438
Niamh O'Regan	15,750	15,750
Liam O'Rourke	15,750	15,750
Gary Owens	13,428	-
Fiona Sweeney	15,750	15,750
Tommy Wynne	15,750	15,750
	213,003	219,196

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníochta leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

	2022	2021
	€000	€000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,258	1,463
Costais leasa shóisialaigh	80	96
Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir	217	283
	1,555	1,842

Speansais na Stiúrthóirí

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

	2022	2021
	€000	€000
Cothabháil, taisteal agus lóistín	1	–
Eile	6	26
	7	26

Léirítear cúiteamh íochta nó iníochta le Príomhoifigí Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos.

San áireamh sa tábla thíos tá an párolla agus na costais bhainteacha do ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin CIÉ, lena n-áirítear olltuarastal €190,000 (2021: €190,000) agus ranníocaíocht pinsin fostóra de €48,000 (2021: €47,500).

	2022	2021
	€000	€000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	839	1,025
Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir	203	260
	1,042	1,285

Foirceannadh Fostaíochta agus Scaoilíocaíocht

	2022	2021
	€000	€000
Scaoilíocaíocht	496	1,263
	496	1,263

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

	2022	2021
CIÉ	267	246
Iarnród Éireann – Irish Rail	4,339	4,176
Bus Éireann – Irish Bus	2,827	2,761
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	3,771	3,642
	11,204	10,825

6. Costais Ábhair agus Seirbhísí

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

	2022 €000	2021 €000
Breosla, leictreachas agus bealaidh	94,637	79,887
Cáin bhóthair agus ceadúnais	1,634	1,540
Rátaí	4,626	2,100
Luach saothair na n-iniúcháirí	324	318
Léasanna oibriúcháin ar cíós	6,518	5,991
Conraitheoirí scoile	250,179	224,960
Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí	4,558	919
Speansais Stiúrthóirí	7	26
Ábhair agus seirbhísí eile	391,237	301,416
Costais oibriúcháin pinsean	3,116	3,786
	756,836	620,943

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

	2022 €000	2021 €000
Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil	1,008	431
Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil	301	68
Fáilteachas	163	54
	1,472	553

Luach Saothair na nIníúcháirí:

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is iníoctha le Mazars Ireland i dtaca leis na bhlianta dar chríoch 31 Nollaig 2022 agus 31 Nollaig 2021. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

	2022 €000	2021 €000
Iníúcháir reachtúil		
– Iníúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa	152	152
– Seirbhísí ráthaíochta agus comhlíonta eile	20	95
– Seirbhísí comhairleoireachta cánach	75	54
– Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúcháireacht	77	17
	324	318

Luaitear an t-easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

	2022 €000	2021 €000
Fardal a ídíodh	234,715	174,821
Méadú ar an soláthar in aghaidh díffheidhmeacht fardail	766	199
Cailteanais malairte eachtraí	(2,262)	(1,114)
(Brabús)/Cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(34,144)	128
Léasanna oibriúcháin	6,518	2,291
Athstruchtúrú an ghnó	904	(2,707)
Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe	214,033	226,088
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe	8,268	8,394
Amúchadh deontas	(201,330)	(213,589)

7. Míreanna Eisceachtúla

	2022 €000	2021 €000
Forchostais	904	1,794
Conradh tráchtála dochraideach	–	(701)
Onerous Commercial contract	–	(4,501)
	904	(3,408)

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúrú an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana:

Iarnród Éireann €0.9 milliún.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

	2022	2021
	€000	€000
Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (Nóta 14)	8,268	8,394
Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 15)	214,033	226,088
Amúchadh na ndeontas caipitil (Nóta 23)	(201,330)	(213,589)
	20,971	20,893

9. Brabús/(Cailteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

	2022	2021
	€000	€000
(Cailteanas)/brabús ar dhiúscairt talún agus foirgneamh	34,144	(129)
Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra	-	1
	34,144	(128)

10. Glanchostas Úis

(a) Ús Infhála agus Muirir dá Shamhail

	2022	2021
	€000	€000
Ioncam úis ar thaisc gearrthéarmacha	563	-

(b) Ús Iníoctha agus Muirir dá Shamhail

	2022	2021
	€000	€000
Ús iníoctha ar iasachtaí, ar rótharraingtí agus ar thaisc	1,408	2,053
Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanais	1,408	2,053
Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe	10,047	6,078
Leachtú na soláthairtí lascaine	200	135
Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail	11,655	8,266

(c) Glanchostas Úis

	2022	2021
	€000	€000
Ús infhála agus muirir dá shamhail	563	-
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(11,655)	(8,266)
Glanchostas úis	(11,092)	(8,266)

11. Cáin Ioncaim

(a) Costas Cánach san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais

	2022 €000	2021 €000
Creismheas corparáide eachtraí don bhliain airgeadais	1,266	(2,054)
Muirear cánach corparáide Éireannach ar an mbrabús don bhliain airgeadais	11,407	2,418
<i>Costas cánach reatha don bhliain airgeadais</i>	<i>12,673</i>	<i>364</i>
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	12,673	364

(b) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint san Ioncam Cuimsitheach Eile

	2022 €000	2021 €000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha	-	-
- Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe	-	-
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile	-	-

(c) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint sa Chothromas

	2022 €000	2021 €000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha	-	-
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas	-	-

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11. Cáin Ioncaim (ar lean)

(d) Réiteach an Chostais Cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, is é sin 12.5% (2021: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	2022 €000	2021 €000
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(15,103)	(52,528)
